# Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí

## TUARSCÁIL BHLIANTÚIL 2021

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Có-mhaoinithe ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union

## Bord BOO Chiarraí 2022

An Comhairleoir Aoife Thornton
An Comhairleoir Cathal Foley
An Comhairleoir Deirdre Ferris
An Comhairleoir Fionnán Fitzgerald
An Comhairleoir Jim Finucane (*An Cathaoirleach*)
An Comhairleoir Johnnie Wall
An Comhairleoir Marie Moloney
An Comhairleoir Maura Healy-Rae
An Comhairleoir Michael Cahill
An Comhairleoir Niall O'Callaghan
An Comhairleoir Norma Moriarty
An Comhairleoir Terry O'Brien
Tara Donoghue, Uasal
An tUasal, Niall Lucey
Celia O'Shea, Uasal
An tUasal, Joseph Brennan
Joan McCrohan, Uasal
An tUasal John O'Roarke
Maria O'Gorman, Uasal
An tUasal, Tim Daly
An tUasal, Zaid Kassoob

## Coiste Feidhmiúcháin BOO Chiarraí 2022

An tUasal, Colm Mac Gíolla Bhuí, *Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*
Ann O'Dwyer, Uasal, *An Stiúrthóir Scoileanna, Óige agus Ceoil*
Maria Brennan, Uasal, *An Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta*
An tUasal, Owen O'Donnell, *An Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna*

# Clár na nÁbhar


**Teachtaireacht ón gCathaoirleach** 4

**Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin** 5

**Ráiteas Bhord BOO Chiarraí** **6**

**Pobal BOO Chiarraí** 12

Ráiteas Misin agus Bunluachanna 14

Struchtúir Eagrúcháin 15

**Creat Feidhmíochta Straitéisigh** **16**

Samhail Tuairiscithe BOO Chiarraí **17**

**Ráiteas maidir le Seirbhísí** **19**

**Bearta Feidhmiúcháin** **32**

**Tuarascálacha Straitéiseacha BOO Chiarraí** 36

***Aguisín I*** *Gluais Téarmaí agus Liosta Táblaí* *37*

***Aguisín II*** *Cuspóirí Straitéiseacha Mionsonraithe* *39*

# TEACHTAIREACHT ÓN gCathaoirleach

Le linn na bliana 2021 ar fad, lean paindéim COVID-19 de dhúshláin nach bhfacthas riamh a chur roimh an bhfoireann, roimh dhaltaí agus mhic léinn, roimh fhoghlaimeoirí agus roimh an bpobal níos leithne ina n-oibrímid. Mar sin féin, in ainneoin na ndúshlán seo, is iomaí éacht atá bainte amach againn, lena n-áirítear na héachtaí seo a leanas (nach bhfuil uileghabhálach):

- Tháinig méadú ar líon na n-iontrálacha ar fud na scoileanna ar fad (bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna)
- Leanadh de thionscadail feabhais a chur le chéile ar fud scoileanna, le bogadh tionscadal nua Ghaelcholáiste Chiarraí agus Scoil Náisiúnta Lios Teilice ar an láthair
- Chuir sé scoil Cigireachtaí na Roinne Oideachais maidir le Soláthar Sábháilte Scolaíochta i gcrích, a fuair gach scoil tuairiscí den scoth
- Cuireadh an chéad athbhreithniú DCCÉ ar struchtúir dearbhaithe cáilíochta i gcrích
- Urraíodh ceannach foirgnimh neamhspleách Breisoideachais agus Oiliúna (Coláiste Chiarraí, Campas Lios Tuathail)
- Ceadaíodh bailíochtú i gcomhar na printíseachta do Theicneoirí Cothabhála Tuirbíní Gaoithe
- D'éirigh leis an BOO aistriú chuig Comharsheirbhísí Párolla
- D'éirigh leis an BOO Aonad Soláthair agus Ceannaigh atá láraithe a bhunú

Léirigh pobal BOO Chiarraí teacht aniar agus tiomantas suntasach le linn dó a bheith ag cloí le comhairle sláinte poiblí. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabhail leis an bhfoireann ar fad, le daltaí agus mic léinn agus le foghlaimeoirí as freagracht phearsanta a léiriú i gcónaí le linn dóibh iarracht a dhéanamh an pobal i gcoitinne a chosaint i rith na ré dúshlánaí seo. Is é an t-éacht is suntasaí a baineadh amach in 2021 gur leanadh ar aghaidh le seirbhísí oideachais agus oiliúna gan bhriseadh – a baineadh amach mar gheall ar an tiomantas agus an díograis leanúnach a léirigh sibh do thimpeallachtaí sábháilte teagaisc/oiliúna agus foghlama a chothabháil ar fud BOO Chiarraí.

Táimid ag féachaint chun cinn, agus táimid ag leanúint ar aghaidh leis an bhfís uaillmhianach atá againn d'fhorbairt straitéiseach BOO Chiarraí a roinnt. Is acmhainn shuntasach é tiomantas chomhaltaí Boird, chomh tiomanta is atá mé féin i mo Chathaoirleach, tiomantas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus tiomantas na Foirne Feidhmiúcháin do bhunluachanna BOO Chiarraí, agus is acmhainn é a leanfar ar aghaidh dá úsáid chun cur chun cinn a dhéanamh ar dhul chun cinn fhorbairt straitéiseach na heagraíochta.

**An Comhairleoir Jim Finucane**
**An Cathaoirleach**

# RÉAMHRÁ ÓN bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Le linn dúinn tuarascáil na bliana seo a chur le chéile agus a fhoilsiú, i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla atá orainn (Alt 28 den Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna, 2013), cuireadh chomh leithleach agus a bhí 2021 i gcuimhne dúinn, ar bhliain í arbh í paindéim COVID-19 an ghné ba shuntasaí di ó thús deireadh.

Nuair a bhí Ráiteas Straitéise cúig bliana an BOO (2018-2022) á fhorbairt in 2017, ní rabhthas ag súil le tús paindéime idirnáisiúnta. Dá bharr sin, nuair a bhíothas ag forbairt Phlean Seirbhíse BOO Chiarraí 2021, theastaigh uainn go léireofaí sa phlean an saol nua a bhí againn a bheith ag stiúradh sholáthar na seirbhísí oideachais agus oiliúna le linn paindéim a bhí i mbarr a réime.

Athraíodh soláthar ár seirbhísí idir "soláthar ar an láthair" agus "ciansholáthar" in 2021 - i gcomhréir le comhairle sláinte poiblí. Le linn na bliana, i dteannta le timpeallachtaí sábháilte teagaisc/oiliúna agus foghlama a chruthú agus a chothabháil do phobal BOO Chiarraí, aithníodh na príomhthosaíochtaí seo a leanas:

- Tús a chur le Gaelcholáiste Chiarraí Nua a thógáil
- Rinneadh tuilleadh dul chun cinn agus comhdhlúthaithe ar thionscadal píolótach Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí (Coláiste Chiarraí) in éineacht le SOLAS
- Comharsheirbhísí Párolla a rolladh amach
- An Chéad Straitéis Inbhuanaitheachta ó BOO Chiarraí (2020-2022) a sheoladh go hoifigiúil
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Ráitis Straitéise (2018-2022)
- Tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar an acmhainneacht atá againn i leith foghlaim dhigiteach ar fud na scéime, lena gcuirfear leis an dul chun cinn is gá a dhéanamh mar gheall ar srianta COVID-19

Baineadh gach ceann de na tosaíochtaí sin amach in 2021, i dteannta go leor tosaíochtaí eile – atá leagtha amach againn sa tuarascáil seo a leanas.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach, leis an mBord agus leis na fochoistí, leis an bhfoireann bainistíochta agus foirne, le comhairlí/fóram na dtuismitheoirí agus comhairlí/fóram na ndaltaí/na mac léinn as a dtiomantas agus a dtacaíocht in 2021. Mar is eol dúinn go léir, tá gá le hobair mhaith foirne chun dúshláin a shárú, agus in 2021 chuir gach réimse den eagraíocht le rath BOO Chiarraí sa bhliain 2021 ar bhealach dearfach.

Bhí bliain an-difriúil agus dhúshlánach ag na daltaí, na mic léinn agus na foghlaimeoirí faoinár gcoimirce in 2021. Bhí an teacht aniar a bhí iontu le moladh le linn dóibh a bheith ag leanúint ar aghaidh lena n-aistir oideachais agus oiliúna agus léirigh siad dearcadh dearfach agus diongbháilteacht i gcaitheamh na bliana ar fad.

Táimid ag súil le hobair ar Ráiteas Straitéise nua an BOO a chur i gcrích in 2022, agus tá súil agam go leanfar ar aghaidh leis an dul chun cinn atá déanta againn le míonna anuas tar éis dúinn teacht amach as an bpaindéim ar feadh an chuid eile den bhliain 2022 agus amach anseo.

Slán go fóill agus tabhair aire duit féin.

**Colm McEvoy**
**An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

# Ráiteas Bhord BOO Chiarraí

Is é BOO Chiarraí an soláthraí reachtúil seirbhísí oideachais agus oiliúna i gContae Chiarraí. An 1 Iúil 2013 a bunaíodh é, faoi fhorálacha an Achta um Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO) 2013.

Comhlíonann BOO Chiarraí an Cód Cleachtais chun BOOnna a rialú, atá in Imlitir 0002/2019 ón Roinn Oideachais (RO). Is é cuspóir an Chóid a chinntiú go gcuireann BOO Chiarraí prionsabail an dea-rialachais agus an dea-bhainistithe i bhfeidhm.

**Feidhmeanna an Bhoird**

Is feidhmeanna forchoimeádta iad cinntí arna nglacadh ag an mBord agus leagtar amach iad in Alt 12 (2) d'Acht BOO 2013 agus d'Imlitir 0002/2019, a leagtar sceideal iomlán amach in Aguisín A den Chód. Meastar cinntí nach bhfuil sonraithe sa Chód a bheith ina bhfeidhmeanna Feidhmiúcháin don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Tá an Bord sásta go dtarmligeann an Príomhoifigeach feidhmiúcháin feidhmeanna nuair is iomchuí agus i gcomhréir le hAcht BOO 2013.

**Freagrachtaí an Bhoird**

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chearta a choinneáil ina nochtar le cruinneas réasúnach ag tráth ar bith staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag cloí le hAlt 51 d'Acht BOO 2013. Tá an Bord freagrach chomh maith as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go gcuireann na Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RAB) léargas ceart ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhoird agus ar staid ghnóthaí an Bhoird.

Nuair atá na cuntais sin á n-ullmhú, éilítear ar an mBord:

a) Na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha d'fhonn ráitis airgeadais BOO a ullmhú a chur i bhfeidhm
b) Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh
c) Aon athrú ábhartha ó na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a nochtadh agus a mhíniú

In 2021, cheadaigh an Bord na nithe seo a leanas:

- Tuarascáil Bhliantúil
- Ráitis Airgeadais
- Plean Seirbhíse
- Freastal comhaltaí ar chomhdhálacha
- Talamh nó leas a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt i gcomhréir le rialacháin RO

Ina theannta sin, chinntigh an Bord gur coinníodh taifid chruinn de chruinnithe agus de chinntí.

Cinntíonn an Bord go bhfuil an córas éifeachtúil rialachais sa chaoi agus gur féidir na dualgais a chomhlíonadh le barr éifeachta. Tugann comhaltaí an Bhoird dea-eiseamláir, trí mheon agus cultúr dea-rialachais a léiriú maidir leis an eagraíocht ar fad. Tá Bord BOO Chiarraí freagrach in éineacht as stiúir straitéiseach agus bainistiú na heagraíochta stiúradh agus déantar maoirseacht ar obair an lucht feidhmiúcháin.

Tugann an bord breithiúnas neamhspleách lán eolais maidir le ceisteanna feidhmíochta agus caighdeáin i gcónaí.

**Cruinnithe Boird**

I rith na bliana, bhuail an Bord le chéile trí huaire déag, agus déantar achoimre ar shonraí an fhreastail sa tábla thíos:

| | An Comhlacht Ainmniúcháin | 26/ 01 | 23/ 02 | 30/ 03 | 27/ 04 | 11/ 05 | 25/ 05 | 23/ 06 | 24/ 07 | 29/ 09 | 13/ 10 | 26/ 10 | 02/ 12 | 14/ 12 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AnCr Michael Cahill | Comhairle Chontae Chiarraí | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | | | | ✔ | ✔ | 10/13 |
| AnCr Johnnie Wall | Comhairle Chontae Chiarraí | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | | ✔ | ✔ | | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 11/13 |
| AnCr Cathal Foley | Comhairle Chontae Chiarraí | ✔ | | | | | ✔ | | | | | | | ✔ | 3/13 |
| AnCr Jim Finucane (C) | Comhairle Chontae Chiarraí | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 13/13 |
| AnCr Fionnán Fitzgerald | Comhairle Chontae Chiarraí | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 12/13 |
| AnCr Deirdre Ferris | Comhairle Chontae Chiarraí | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 13/13 |
| AnCr Maura Healy Rae | Comhairle Chontae Chiarraí | | ✔ | ✔ | ✔ | | ✔ | ✔ | | | | | ✔ | | 6/13 |
| AnCr Marie Moloney | Comhairle Chontae Chiarraí | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | | | | ✔ | | | ✔ | 8/13 |
| AnCr Norma Moriarty | Comhairle Chontae Chiarraí | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 13/13 |
| AnCr Terry O'Brien (VC) | Comhairle Chontae Chiarraí | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 13/13 |
| AnCr Niall O'Callaghan | Comhairle Chontae Chiarraí | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 12/13 |
| AnCr Aoife Thornton | Comhairle Chontae Chiarraí | | | | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 10/13 |
| An tUasal Joseph Brennan | Ainmní Foirne | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | | ✔ | ✔ | | ✔ | ✔ | 11/13 |
| An tUasal Noel Keenan | Ainmní Tuismitheora | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | | | | 9/11 |
| Maria O'Gorman Uasal | Ainmní Leasa Speisialta | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | | | 11/13 |
| An tUasal Tim Daly | Ainmní Leasa Speisialta | ✔ | ✔ | | ✔ | | ✔ | ✔ | ✔ | | | | ✔ | ✔ | 8/13 |
| An tUasal John O'Roarke | Ainmní Leasa Speisialta | ✔ | | | | | | ✔ | ✔ | ✔ | | ✔ | ✔ | | 6/13 |
| Joan McCrohan Uasal | Ainmní Leasa Speisialta | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | | | | ✔ | 9/13 |
| An tUasal Zaid Kassoob | Ainmní Leasa Speisialta | | | | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 10/13 |
| Catríona Kerin Uasal | Ainmní Tuismitheora | ✔ | ✔ | | ✔ | | ✔ | | ✔ | | | | | | 5/8 |
| Celia O'Shea Uasal | Ainmní Foirne | | | | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | | ✔ | ✔ | | 8/10 |

*Tábla 1: Freastal na gComhaltaí Boird*

**Fochoistí**

I rith na bliana, bhuail an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (I&R) le chéile cúig huaire, agus déantar achoimre ar shonraí an fhreastail sa tábla thíos:

| Ainm | Ainmní | 12/03 | 22/06 | 16/09 | 10/11 | 16/12 | Líon na gCruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| John C. O'Connor | Seachtrach | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 5/5 |
| Pádraig Ó Donnabháin | Seachtrach | | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 4/5 |
| Gerard O'Donoghue | Seachtrach | | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 4/5 |
| John M. Naughton | Seachtrach | ✔ | | | ✔ | | 2/5 |
| AnCr Jim Finucane | BOO Chiarraí | ✔ | ✔ | | | | 2/5 |
| AnCr Norma Moriarty | Kerry ETB | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 5/5 |
| Maria O'Gorman | BOO Chiarraí | ✔ | | ✔ | ✔ | | 3/5 |

*Tábla 2: Clár den Fhreastal ar Chruinnithe agus Minicíocht Chruinnithe Choiste I&R*

I rith na bliana, bhuail an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huaire, agus déantar achoimre ar shonraí an fhreastail sa tábla thíos:

| Ainm | Ainmní | 12/03 | 22/06 | 16/09 | 10/11 | Líon na gCruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Brendan Tuohy | Seachtrach | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 4/4 |
| Karol Kissane | Seachtrach | ✔ | ✔ | ✔ | | 3/5 |
| Brendan Daly | Seachtrach | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 4/4 |
| AnCr Aoife Thornton | BOO Chiarraí | | | ✔ | ✔ | 2/4 |
| Zaid Kassoob | BOO Chiarraí | ✔ | ✔ | | | 2/4 |
| AnCr Deirdre Ferris | BOO Chiarraí | ✔ | | ✔ | ✔ | 3/4 |
| Joan McCrohan | Kerry ETB | | ✔ | | | 1/4 |

*Tábla 3: Clár den Fhreastal ar Chruinnithe & Minicíocht Chruinnithe an Choiste Airgeadais*

**Bainistiú Riosca**
Coinníonn an Bord maoirseacht ghníomhach ar bhainistiú riosca agus deimhníonn sé go bhfuil measúnú ar na príomhrioscaí agus ar na bearta maolúcháin lena mbaineann atá déanta aige agus go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart sin in 2021. Déanann an Bord riosca a bhainistiú don eagraíocht trí chlár bainistithe riosca struchtúrtha. Tugann an Coiste I&R cúnamh don Bhord leis an bhfeidhm bainistithe riosca atá aige. Bíonn an Bord ag brath chomh maith ar an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus ar a chuid tuairiscí, ar iniúchadh bliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC&C) agus ar aon Iniúchadh seachtrach eile mar iniúchadh ESF agus/nó Iniúchadh a bheadh déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim. Ina theannta sin, téitear i mbun athbhreithniú a dhéanamh ar na rialuithe inmheánacha ar bhonn bliantúil.

Pléitear Bainistiú Riosca ag gach cruinniú Boird agus i measc an bhreithniúcháin tá:

- Tuairiscí riosca ón ardbhainistíocht lena n-áirítear ón bPríomhoifigeach Riosca
- Tuarascálacha an Choiste I&R
- Athruithe ar rátálacha riosca
- Clár Iniúchta

Áiríodh mionsonraí maidir leis na príomhrioscaí agus maidir leis na bearta nó straitéisí maolaithe sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach (RRI) lena mbaineann mar chuid de RAB, a bhfoilseofar é laistigh de mhí amháin ó fhaightear é ó Oifig ARC&C agus a bhfoilseofar chomh maith é mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh atá curtha ar aghaidh chuig an Aire.

**An Córas maidir le Rialú Inmheánach**
Deimhníonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais maidir le rialú inmheánach agus go bhfuil an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach, a bhí faoi réir athraithe go dtí go mbeadh an t-iniúchadh seachtrach tugtha chun críche, tugtha chun críche agus go bhfuil sé san áireamh sa RAB don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 agus go bhfoilseofar é laistigh de mhí amháin ó fhaightear ó Oifig ARC&C agus go bhfoilseofar chomh maith é mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh atá curtha ar aghaidh chuig an Aire.

**Polasaí agus Nósanna imeachta maidir le Soláthar**
Deimhníonn an Bord go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na gnéithe cuí den Chód Caiteachais Phoiblí agus leis an bPlean Soláthair Chorparáidigh a fhorbairt agus a chur chun feidhme seachas na réimsí sin a thugtar ar aird chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh orthu i RRI 2021.

**Cánachas**
Dearbhaíonn an Bord gur chomhlíon an BOO na hoibleagáidí a bhí air faoin dlí cánach.

**Ráitis Airgeadais**
Tá RAB don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig, 2021, faoi réir iniúchóireacht ag Oifig ARC&C tráth a fhoilseofar Tuarascáil Bhliantúil 2021. Foilseoidh BOO Chiarraí RAB laistigh de mhí amháin ó fhaightear é ó Oifig ARC&C.

Áirítear sonraí airgeadais a bhaineann leis an méid seo a leanas sa RAB:

- Mionsonraí maidir le táillí nach mbaineann le tuarastal arna n-íoc i leith chomhaltaí an Bhoird, a ndéantar anailís orthu de réir chatagóir na dtáillí
- Mionsonraí comhiomlána ar chúiteamh na príomhbhainistíochta a ndéantar anailís orthu sna catagóirí seo a leanas, lena n-áirítear cúiteamh bainistíochta ina hiomláine:
  - o Tuarastail agus sochair fostaithe ghearrthéarmacha
  - o Sochair iar-fostaíochta
  - o Sochair Foirceanta
- Cúiteamh na Príomhbhainistíochta, más ann di;
- Mionsonraí maidir le líon na mball foirne arb ionann iomlán a gcuid sochar fostaíochta (gan costais phinsin an fhostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe agus idir €0 agus €59,999 agus idir gach banna pá €10,000 ó €60,000 agus níos airde, agus suim fhoriomlán ar ranníocaíochtaí pinsin iomlána an fhostóra.

**Bronntanais**
Níor tugadh aon bhronntanas do BOO Chiarraí i rith na bliana 2021.

**An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001**
Tá dlite ar chomhaltaí an bhoird agus ar bhaill ainmnithe den fhoireann nochtaí leasanna a chur ar fáil gach bliain maidir le ceisteanna a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go hábhartha ar dhéanamh na bhfeidhmeanna. Rinneadh gach nochtadh agus neamh-nochtadh i ndáil leis an mbliain 2021 a líonadh isteach agus a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

**Nochtaí Cosanta**

San Acht um Nochtadh Cosanta 2014 cuirtear creat ar fáil trínar féidir le baill foirne ábhar buartha maidir le mí-obair atá tugtha faoi deara acu san ionad oibre a chur in iúl ar an tuiscint go mbeidh cosaint ar fáil acu sa chás go ngearrann an fostóir pionós orthu as sin a dhéanamh nó go mbítear thíos leis ar bhealach ar bith. Tá polasaí maidir le Nochtadh Cosanta curtha i bhfeidhm ag BOO Chiarraí arb é an toradh atá air, in éineacht leis an reachtaíocht náisiúnta, baill foirne a spreagadh chun aon mhí-obair measta a chur in iúl, agus a fhios acu go bpléifear go dáiríre leis an ábhar imní agus go mbeidh meas ar chúrsaí rúndachta ina leith.

Faoi mar atá dlite ar an mBord faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, dearbhaíonn BOO Chiarraí nach ndearnadh aon nochtadh cosanta anuas go deireadh na bliana 2021. Dá réir sin, ní raibh gá do BOO Chiarraí aon bheart a dhéanamh i ndáil le Nochtaí Cosanta.

**Cáipéisí polasaí arna ndréachtadh ag an bhfeidhmeannas agus arna gceadú ag an mBord (2021)**

- Ráiteas maidir le Sábháilteacht Chorparáideach
- Treoir do Scoileanna/Ionaid maidir le húsáid Áitreabh ag Tríú Páirtithe
- Téarmaí Tagartha d'Fhóram Cruinnithe maidir le Riosca agus Comhlíontacht
- Nós imeachta maidir le Tagairtí Dalta/Mic Léinn/ Foghlaimeora
- Teimpléad Pholasaí TCI (Teilifís Ciorcaid Iata) do Scoileanna/Ionaid faoi Choimirce BOO Chiarraí – Arna Leasú
- Comhlíontacht Chorparáideach an Achta um Thús Áite do Leanaí (2015) agus na Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (2017) ón Roinn Oideachais
- Polasaí & Nós Imeachta Breisoideachais agus Oiliúna BOO BOOÉ maidir le Daoine Fásta a Chosaint 2021
- Polasaí agus Nós Imeachta maidir le Taisteal agus Cothabháil – Arna leasú
- Polasaí agus Nós imeachta maidir le Cártaí Ceannacháin
- Polasaí maidir le Soilsiú Éigeandála
- Polasaí maidir le Suiteáil Leictreach a Thástáil
- Polasaí Cigireachta d'Ionaid For-rochtana
- Nós imeachta do Shábháilteacht Conraitheoirí a Bhainistiú
- Polasaí maidir le Tríú Páirtithe a Rialú, lena n-áirítear Nósanna imeachta do Shárú Comhaontaithe Tríú Páirtithe
- Soláthar (Ceannach) suas le €25,000 agus úsáid á baint as cistí poiblí faoi dheontas ó BOO Chiarraí – Treoir d'Fhaighteoirí Deontais
- Athbhreithniú ar Aguisíní A-C an Pholasaí maidir le Tríú Páirtithe a Rialú
- Athbhreithniú ar Aguisín 9 den Pholasaí & de na Nósanna Imeachta maidir le Soláthar do cheannach suas le €25,000 agus ar Pholasaí & Nósanna Imeachta maidir le Soláthar thar €25,000
- Nós Imeachta maidir le Tionóiscí a Thuairisciú
- Réimsí Freagrachta - Clár na nAinmneacha Oifigiúla
- Treoirlínte chun Ullmhú do Chuairteanna Oifigiúla
- Polasaí agus Nós Imeachta maidir le Ró-íocaíochtaí
- Polasaí agus Nósanna Imeachta maidir le Drochfhiacha
- Polasaí maidir le Gníomhaíochtaí Tiomsaithe Airgid
- Polasaí agus Nós Imeachta maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach – Arna leasú
- Polasaí agus Nós Imeachta Céimnithe maidir le Filleadh ar an Obair - Arna Leasú
- Polasaí agus Nós Imeachta chun cur in aghaidh Bhearta Calaoise agus Éillitheachta – Arna leasú
- Polasaí agus Nós Imeachta maidir le hÚsáid Mótarfheithiclí – Arna leasú
- Téarmaí Tagartha do Choistí BOO Chiarraí arna mbunú faoi Alt 44 - Arna Leasú

**Socruithe Tríú Páirtí**

Tá tábhacht níos mó le socruithe tríú páirtí i bhforbairt straitéiseach BOO Chiarraí le roinnt blianta anuas. Is féidir le socruithe tríú páirtí tacú le seirbhísí a chur ar fáil, teacht a bheith ar lón eolais agus cur le fiúntas an ghnó a dhéanann BOO Chiarraí ar an iomlán. Le haird go sonrach ar dheontais, tá roinnt comhaontuithe deontais ceangailte idir BOO Chiarraí agus comhlachtaí neamhthráchtála, go mór mór in earnáil na n-eagraíochtaí pobail agus deonacha, maidir le seirbhísí a chur ar fáil thar ceann an stáit. Bíonn BOO Chiarraí ag plé ar scála i bhfad níos mó le comhlachtaí den tríú páirtí anois ná mar a bhíodh. Coinníonn an feidhmeannach clár de shocruithe tríú páirtí chun tacú leis an ról maoirseachta atá aige.


## Roghnú íomhánna, Féilire BOO Chiarraí 2021














# Pobal BOO Chiarraí

Mar eagraíocht atá scaipthe ar fud an chontae, tá tríocha a hocht áitreabh aige ar fud an chontae, lena gcuirtear oideachas bunleibhéil ar fáil i dtrí scoil náisiúnta phobail agus oideachas iar-bhunleibhéil ar fáil in ocht iar-bhunscoil.

Is soláthraí agus maoinitheoir tiomanta do sheirbhísí óige í Feidhm Forbartha BOO Chiarraí um Obair Óige a chuireann maoiniú ar fáil go díreach do réimse leathan clár cruthaitheach agus ceoil ar fud na tíre do leanaí agus don aos óg agus riarann sé iad. Tá an chéad Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna atá comhtháite go hiomlán in Éirinn (Coláiste Chiarraí) faoi choimirce BOO Chiarraí, a bhfuil campais agus moil aige ar fud Chiarraí. Tá ceithre ionad Ógtheagmhála ag BOO Chiarraí.

Cuirtear gach seirbhís a chuireann BOO Chiarraí ar fáil ar fáil ag leibhéal áitiúil, lena bhfreastlaítear ar éilimh áitiúla.




*Figiúir 1: Léarscáil Gheografach BOO Chiarraí*

| Soláthar Seirbhísí | Gnóthais |
|---|---|
| Leibhéal Bunscoile | 80 |
| Leibhéal Iar-Bhunscoile | 2,805 |
| Oiliúint Breisoideachais | 8,240 |
| **Iomlán an tSoláthair** | **11,125** |

*Tábla 4: Soláthar Seirbhísí*

**An Cheannoifig Cóiríochta**

Centrepoint

**Bunscoileanna (Scoileanna Náisiúnta Pobail)**

Scoil an Ghleanna, Pobalscoil Náisiúnta

Pobalscoil Náisiúnta Thathuile

Pobalscoil Náisiúnta an Dá Mhíle

**Iar-Bhunscoileanna**

Coláiste Pobail Oileán Ciarraí

Scoil Chuimsitheach an Tóchair

Coláiste Gleann Lí

Coláiste na Ríochta

Coláiste na Sceilge

Gaelcholáiste Chiarraí

Coláiste Pobail Chill Airne

Coláiste Pobail Chill Orglan

**Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí**

Coláiste Chiarraí, Oifig Iontrála

Coláiste Chiarraí, Campas Bhóthar na Claise

Coláiste Chiarraí, Campas Shráid Deiní

Coláiste Chiarraí, Campas Lios Tuathail

Coláiste Chiarraí, Campas Mhóin an Bhaile

Coláiste Chiarraí, Campas Chill Orglan (Campas d'Oideachas agus Oiliúint Amuigh Faoin Aer) (lena n-áirítear Ionad Oideachais Pháirc Náisiúnta Chill Airne)

**Breisoideachas agus Oiliúint**

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Tóchair

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Daingin

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Neidín

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Uí Chonaill

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Tech Amergin

**Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG)**

SDOG Chill Airne

SDOG Chill Orglan

SDOG Lios Tuathail

SDOG Thrá Lí

**Litearthacht & Bunoideachas do Dhaoine Fásta (LBDF)**

Ionad Pobail Oileán Ciarraí

Ionad LBDF Chill Airne

Ionad LBDF Chill Orglan

Ionad LBDF Lios Tuathail

Ionad LBDF Trá Lí

**Ógtheagmháil**

Ógtheagmháil Chill Airne

Ógtheagmháil Lios Tuathail

Ógtheagmháil na hArdteiste Feidhmí Thrá Lí

Ógtheagmháil Thrá Lí

**Ionad Spóirt**

Tralee Regional Sports and Leisure Company (Faoi Theorainn Ráthaíochta)

| Scoil | Ionadaíocht BOO Chiarraí ar an mBord Bainistíochta |
|---|---|
| Pobalscoil Inbhear Scéine | 3 |
| Pobalscoil Chorca Dhuibhne | 3 |
| Scoil Phobail Sliabh Luachra | 3 |

*Tábla 5: Scoileanna Comhpháirtíochta*

# Ráiteas Misin agus Bunluachanna


**An Misean**

An fhorbairt ar shochaí bunaithe ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil i gCiarraí a chruthú agus a chur chun cinn sa tslí go mbíonn teacht ag gach duine a chónaíonn i gCiarraí ar an oideachas agus ar an oiliúint sin atá riachtanach chun barr a gcumais a thabhairt in inmhe agus chun freastal ar a gcuid riachtanas pearsanta, sóisialta, cultúir, eacnamaíochta agus sibhialta.

**Luachanna BOO Chiarraí**

Tá na bunluachanna atá againn dírithe ar a bheith ag cinntiú go mbíonn de cheart ag an uile dhuine deiseanna oideachais agus oiliúna a thapú chun barr a gcumais a bhaint amach.

Tá sé d'aidhm againn na luachanna sin a chur chun feidhme tríd na gníomhaíochtaí a dhéanaimid agus tríd an iompar a léirímid.





*Figiúir 2: Bunluachanna BOO Chiarraí*

# Struchtúir Eagrúcháin

Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin atá freagrach as bainistíocht feidhmiúcháin na heagraíochta agus tá tacaíocht á fháil sa ról seo ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ó thriúr Stiúrthóirí, eadhon:

- Stiúrthóir na Scoileanna, na hÓige agus an Cheoil
- Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna
- Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta

Léiríonn na trí ról Stiúrthóra seo na trí cholún soláthair seirbhísí, agus tá údarás sannta go foirmiúil do gach aon duine de na stiúrthóirí, de réir Alt 16 den Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna, 2013.
Léirítear sa chairt seo a leanas struchtúr ardleibhéil eagraíochta BOO Chiarraí:




*Figiúr 3: Struchtúr Eagraíochta*

# Creat Feidhmíochta Straitéisigh

Trí fhorbairt sochaí bunaithe ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chruthú agus a chur chun cinn, is é is aidhm le BOO Chiarraí seirbhísí oideachais agus oiliúna leanúnacha agus ar ardchaighdeán chur ar fáil ar fud chontae Chiarraí. Oibrímid chun tacú leis an bpobal áitiúil agus chun tionchar dearfach a imirt air.

I Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí (2018-2022) leagtar béim ar na príomhchuspóirí atá againn (an ciorcal gorm thíos) don tréimhse tuairiscithe 2018 - 2022 (leagtar amach liosta iomlán na spriocanna agus na gcuspóirí in Aguisín I). Cuimsítear leis na cuspóirí seo na príomhthosaíochtaí arna n-aithint sa Chomhaontú maidir le Seachadadh Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus BOO Chiarraí (an ciorcal liath thíos). Dá bhrí sin, déantar achoimre ar an gcreat feidhmíochta straitéisigh atá againn mar a leanas:




*Fíor 4: Creat Tuairiscithe Straitéisigh*

**Samhail Tuairiscithe BOO Chiarraí**

I dTuarascáil Bhliantúil 2021 bailítear teimpléid tuairiscithe cur chun feidhme 2021a forbraíodh don phlean seirbhíse agus gach doiciméad straitéiseach atá ceadaithe ag Bord BOO Chiarraí, i.e. An Straitéis Inbhuanaitheachta, an Straitéis TFC agus an Scéim Teanga.

Príomhchinntitheach i straitéis a chur chun feidhme go héifeachtach is ea monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar inoiriúnacht gníomhaíochtaí agus táscairí chun déileáil le hathruithe inmheánacha agus seachtracha. Go háirithe, is iad cultúr na heagraíochta, an Cód Iompair, agus na bunluachanna atá mar bhonn faoin obair a dhéanaimid chun cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach a chuireann ar ár gcumas na cuspóirí atá againn a bhaint amach.


Chomhlánaigh Bainistíocht Shinsearach an BOO an Ráiteas maidir le Seirbhísí seo a leanas agus chuir siad le chéile é. Déantar an próiseas seo, mar is gnách, faoi threoir agus faoi cheadú an Bhoird.

Rinne BOO Chiarraí gach Sprioc maidir le Seachadadh Feidhmíochta a mhapáil ar Spriocanna Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí (Aguisín II).











# Ráiteas maidir le Seirbhísí

| Cláir Dearbhaithe Cáilíochta a Aithnítear go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta (Sprioc 1 den Ráiteas Straitéise (RS); Comhaontú 1.3 maidir le Seachadadh Feidhmíochta) | | |
|---|---|---|
| **Gníomh** | **Tosaíochta (arna aithint i bPlean Seirbhíse 2021)** | **Uasdátú/Táscaire Feidhmíochta** |
| RS 1.1 | Cláir nua Breisoideachais agus Oiliúna a fhorbairt | Forbraíodh deich gclár/modúl nua Breisoideachais agus Oiliúna in 2021, lena n-áirítear an cúrsa oiliúna do Theagascóirí Tumadóireachta Scúba. |
| RS 1.2 | Clár Féinmheastóireachta Scoile agus Pleananna Feabhsúcháin Scoile a fhorbairt chun tacú le scoileanna | Tiomsaíodh Clár Féinmheastóireachta Scoile agus Pleananna Feabhsúcháin Scoile agus tá sé ar fáil do phríomhoidí mar acmhainn roinnte don fhoghlaim. |
| RS 1.3 | Straitéis trí bliana um Obair Forbartha Óige (2022-2024) a fhorbairt | Cuireadh tús leis an bpróiseas comhairliúcháin chun eolas a dhéanamh forbairt a dhéanamh ar an gcéad Straitéis um Obair Forbartha Óige (2022-2024) ó BOO Chiarraí. Straitéis le seoladh i Ráithe 3, 2022. |
| RS 1.4<br>CSF 1.3, 1.10 | Leanúint de gach polasaí dearbhaithe cáilíochta (DC) a chur chun feidhme | Leanadh de shonraíochtaí maidir le cláir cúrsaí a fhorbairt agus a fheabhsú;<br>Cuireadh athbhreithniú cuimsitheach ar gach struchtúr rialachais DC chun críche (an chéad phróiseas athbhreithnithe DCCÉ). |
| RS 1.5<br>CSF 1.11, 3.10 | Plean Inmheánach maidir le Monatóireacht a dhéanamh ar Chosaint Leanaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme | Níor tharla aon chuairteanna monatóireachta in 2021 de bharr COVID-19: aithnítear é sin mar thosaíocht do 2022. |
| | Meastóireacht ar Ábhair na Roinne Oideachais (RO) agus ar an Scoil Uile a Chur chun feidhme ar bhonn leanúnach – moltaí ón gcigireacht maidir le Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim | Níor tharla aon chigireachtaí ábhar ná aon chigireachtaí scoile uile ón RO in 2020/21 de bharr COVID-19: aithnítear é sin mar thosaíocht do 2022;<br>Chuir sé scoil Cigireachtaí RO maidir le Soláthar Sábháilte Scolaíochta i gcrích, a fuair gach scoil tuairiscí den scoth. |
| | An Chéad Athbhreithniú DCCÉ a chur i gcrích | D'éirigh linn an chéad athbhreithniú DCCÉ a chur i gcrích. Tuarascáil le foilsiú i Ráithe 1, 2022. |

| Ardchaighdeáin Múinteoireachta agus Foghlama (Sprioc 2 den Ráiteas Straitéise; Comhaontú 1 maidir le Seachadadh Feidhmíochta) | | |
|---|---|---|
| **Gníomh** | **Tosaíochta (arna aithint i bPlean Seirbhíse 2021)** | **Uasdátú/Táscaire Feidhmíochta** |
| RS 2.1 | Leanúint de Stór Acmhainní FGL do Bhreisoideachas agus Oiliúint a fhorbairt | Cuireadh an fhoireann Breisoideachais agus Oiliúna ar an eolas faoi raon iomlán na n-imeachtaí FGL trí Microsoft Teams. |
| RS 2.2 | Athbhreithniú ar Ógtheagmháil agus ar Sholáthar IOP a Chur i gCrích | Cuireadh athbhreithniú ar Ógtheagmháil agus ar Sholáthar IOP i gcrích. Aithníodh gníomhaíochtaí tosaíochta do 2022/23. |
| | Tionscnaimh ionchuimsithe a rolladh amach trí RSO, trí DEIS agus trí Theagmháil Baile, Scoile agus Pobail | Tosaíodh an Tionscadal Taighde Gníomhaíochta 'Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim' (Bliain 1 as 3 Bliana);<br>Chuir bainistíocht na scoileanna Clár Breise ar an Láthair ón Roinn Oideachais chun cinn do Dhaltaí RSO a bhfuil Riachtanais Choimpléascach acu le linn do Scoileanna a bheith Dúnta. |
| RS 2.3<br>CSF 1.7 | Coláiste Chiarraí, Campas Chill Orglan (Campas d'Oideachas agus Oiliúint Amuigh Faoin Aer) a fhorbairt | Tosaíodh cláir nua oideachais agus oiliúna faoin aer, e.g. Clár do Theagascóirí Tumadóireachta Scúba;<br>Rinneadh dul chun cinn ar phleananna chun Campas Chill Orglan a fhorbairt ina shaoráid atá neamhspleách ó thaobh an fhuinnimh de. |
| RS 2.4<br>CSF 1.2 | Straitéis Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí 2019-2022 a chur chun feidhme | Rinne an tAire Oideachais, Norma Foley TD, an chéad Straitéis Inbhuanaitheachta ó BOO Chiarraí a sheoladh go hoifigiúil.<br>Spriocanna gearrthéarmacha atá bainte amach (féach leathanach 35 chun tuilleadh sonraí a fháil);<br>Tá clár na Scoileanna Glasa i bhfeidhm i ngach scoil;<br>Cuireadh clár Take One BOOÉ chun feidhme i gceithre scoil. |
| | Na cuir chuige aisiríocha a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar iompar a bhainistiú i scoileanna | Cuireadh oiliúint maidir le Cleachtas Aisiríoch ar fáil do gach múinteoir agus leas-phríomhoide nua;<br>Lean scoileanna ar aghaidh de laethanta machnaimh a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna iompair. |
| RS 2.5<br>CSF 1.3, 1.12, 1.13 | An Straitéis Dhigiteach (2019-2022) a chur chun feidhme | Spriocanna meántéarmacha atá bainte amach (féach leathanach 35 chun tuilleadh sonraí a fháil);<br>Leanadh ar aghaidh d'úsáid Microsoft Office 365 a leabú i dteagasc agus i bhfoghlaim;<br>Cuireadh uasghrádú líonraí i gcrích ar fud gach saoráide ábhartha;<br>Cuireadh conradh tacaíochta teicniúla aonair do choláistí Breisoideachais agus Oiliúna/do scoileanna chun feidhme;<br>Bhí gach ball foirne lánfheistithe le gairis chun tacú leis an gcianobair. |
| | Úsáid an léitheora thumthaigh a leabú do gach dalta/mac léinn a bhfuil sé de dhíth air, ar cuireadh béim ar dhaltaí/mic léinn RSO/ar dhaltaí/mic léinn atá ag foghlaim Béarla mar Theanga Bhreise (EAL) go háirithe | Bhain daltaí/mic léinn agus foghlaimeoirí leas as léitheoirí tumthacha agus aistritheoirí, nuair ba ghá;<br>D'úsáid múinteoirí/teagascóirí léitheoirí tumthacha agus aistritheoirí in ábhair a chomhtháthú. |
| RS 2.6 | Leanúint de ghuth an dalta/an mhic léinn/an fhoghlaimeora a leabú ar fud scoileanna/ionad/campas | Chuir daltaí/mic léinn agus foghlaimeoirí ionchur ar fáil do chinntí agus polasaithe saoráide;<br>Bhuail Fóram Daltaí na Scoileanna le chéile ceithre huaire agus d'fheidhmigh sé mar Phainéal Comhairleach Óige maidir le hÉiteas. |

| | | |
|---|---|---|
| RS 2.7<br>CSF 2.5 | Nuachtlitir Bhliantúil BOO Chiarraí a fhoilsiú | Bhí rochtain leictreonach ag gach ball foirne, gach tuismitheoir/caomhnóir, gach dalta/mac léinn/ foghlaimeoir agus gach páirtí leasmhar ar an Nuachtlitir. |
| | Gradaim Scoláirí na Bliana a shocrú | Ag Ócáid Ghradaim Scoláirí na Bliana rinneadh ceiliúradh ar éachtaí a rinne scoláirí ar fud scoileanna agus Ógtheagmhála. |
| RS 2.8<br>CSF 1.10 | Tuilleadh printíseachtaí agus Tréimhsí Oiliúna a fhorbairt agus a leathnú | Fuarthas cead reáchtáil a dhéanamh ar thrí ghrúpa nua printíseach a ghlacadh (printíseachtaí pluiméireachta agus leictreacha);<br>Leathnaíodh líon na bprintíseach ar glacadh leo don chúrsa do Theicneoirí Suiteála Snáithín;<br>Dearbhaíodh an Phrintíseacht do Theicneoirí Cothabhála Tuirbíní Gaoithe a bheith bailí;<br>Athdhearbhaíodh an Phrintíseacht Commis Chef. |
| RS 2.9 | Leanúint ar aghaidh de sheirbhísí a chur ar fáil i mbealach sábháilte i rith phaindéim Covid-19 | Cuireadh soláthar ar ardchaighdeáin ar fáil le linn na bliana ar fad trí sholáthar ar líne, cumaisc agus ar an láthair;<br>Bhí soláthar na seirbhísí mar bhonn faoi chreat/ plean freagartha chuimsithigh COVID-19, lena n-áirítear polasaithe/treoir mhionsonraithe, cruinnithe seachtainiúla na foirne freagartha, seicliostaí, oiliúint a chur ar fáil do phríomhionadaithe agus iad a aithint ar fud gach saoráide. |
| | Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Uí Chonaill a fhorbairt agus a uasghrádú | Fuarthas cead leanúint ar aghaidh leis i Ráithe 2. Táthar le tús a chur le hobair tógála in 2022. |
| RS 2.10 | Aonad Seirbhísí agus Tacaíochtaí Foghlaimeora Choláiste Chiarraí a bhunú ar fud gach Campais | Leanadh de sheirbhísí tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí a chomhtháthú ar fud gach campais;<br>Ceapadh an acmhainn tacaíochta foghlaimeora do Phrintíseachtaí. |
| | Creat Folláine a fhorbairt agus a chur chun feidhme do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna | Bunaíodh grúpaí oibre Folláine agus Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) chun dul chun cinn agus soláthar a chur chun cinn;<br>Cuireadh ceardlanna maidir le Folláine agus Teacht Aniar ar fáil do gach scoil, lena n-áirítear scoileanna nach scoileanna faoi choimirce BOO iad;<br>Cuireadh an clár FGL do mhúinteoirí OSPS/Folláine i gcrích. |
| | Athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme Chorpoideachas na Sraithe Sinsearaí (Ábhar Inscrúdaithe) i scoil amháin agus é seo a rolladh amach i scoileanna eile | Cuireadh athbhreithniú ar Chorpoideachas na Sraithe Sinsearaí i gcrích agus rolladh amach é do scoileanna eile. |

| **Oideachas agus Oiliúint Nuálach (Sprioc 3 den Ráiteas Straitéise; Comhaontú 1.4/1.10 maidir le Seachadadh Feidhmíochta)** | | |
|---|---|---|
| **Gníomh** | **Tosaíochta (arna aithint i bPlean Seirbhíse 2021)** | **Uasdátú/Táscaire Feidhmíochta** |
| RS 3.1<br>CSF 1.8 | Soláthar Breisoideachais agus Oiliúna a athstruchtúrú i gcomhréir le déimeagrafach contae atá ag athrú | Úsáideadh an Ciste um Míbhuntáiste Oideachasúil a Mhaolú chun aird a dhíriú ar mhionghrúpaí/ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear foghlaimeoirí i gceantair tuaithe agus BCTE;<br>Cuireadh an chéad bhliain den phlean dhá bhliain i gcrích chun SDOG a athstruchtúrú agus chun aistriú chuig 'Cúrsaí Conaire Choláiste Chiarraí.' |
| SS 3.2<br>PDA 1.9 | Soláthar SDOG le hatheagrú i gcomhréir le hathbhreithniú náisiúnta SOLAS | Cuireadh an chéad bhliain den phlean dhá bhliain i gcrích chun soláthar SDOG a chomhtháthú i gColáiste Chiarraí;<br>Bhainistigh Oifig Iontrála Choláiste Chiarraí an earcaíocht soláthair ar fad do Leibhéal 3 agus 4 i.e. Cúrsaí Conaire Choláiste Chiarraí (SDOG roimhe seo). |
| | Athbhreithniú ar sholáthar Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna a dhéanamh chun soláthar lán-aimseartha a mhéadú, i.e. príomhchúrsaí lánaimseartha do gach Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna | Rinneadh athbhreithniú ar sholáthar a cuireadh i gcrích agus aithníodh cúrsaí lán-aimseartha do gach lárionad;<br>Leanadh d'infheistíocht a dhéanamh i bhfóntais lárionad chun tacú le príomhchúrsaí aitheanta a chur ar fáil. |
| RS 3.3<br>CSF 4.1 | Leanúint de thacú le daltaí/mic léinn idirnáisiúnta a ionchuimsiú | Rinneadh an clár BCTE a athfhorbairt go rathúil a bhfuil soláthar méadaithe ar líne agus measúnachtaí teanga spriocdhírithe i gceist leis. Úsáideadh an Ciste um Míbhuntáiste Oideachasúil a Mhaolú chun na foghlaimeoirí seo a chumasú;<br>Rinneadh monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar mheasúnachtaí agus ranganna aistarraingthe maidir le Béarla mar Theanga Bhreise;<br>Rannpháirtíocht na bhfoghlaimeoirí idirnáisiúnta ar fud gach seirbhís Breisoideachais agus Oiliúna. |
| | Tacú le himeachtaí Ilchultúir i scoileanna agus i lárionaid | Ba léir i gcuraclaim agus in imeachtaí na scoile go mbítear ag ceiliúradh chúltúir éagsúla na ndaltaí/na mac léinn. |
| RS 3.4<br>CSF 1.8 | Bunú lárionaid comhtháite Breisoideachais agus Oiliúna i gCill Airne a fhorbairt tuilleadh | Cuireadh tús le tograí an BOO maidir le Glaoch ar Chaipiteal ó SOLAS do thionscnamh Choláiste an Todhchaí agus na hOibre Tógála. Tá tairiscintí le cur ar aghaidh i Ráithe 2, 2022;<br>Cuireadh tús le feistiú in Oifig Iontrála Choláiste Chiarraí i gCill Airne. Oifig le hoscailt i Ráithe 2, 2022. |
| RS 3.5<br>CSF 1.13 | Straitéis FCT SOLAS don fhoghlaim chumaisc agus don soláthar ar líne a chur chun feidhme ina hiomláine | Cuireadh tús le cur chun feidhme an Pholasaí Foghlama Cumaisc (Breisoideachas agus Oiliúint);<br>Cuireadh soláthar Microsoft Teams chun feidhme go hiomlán don fhoghlaim bunaithe sa seomra ranga agus don fhoghlaim ar líne. |
| | Leanúint d'uirlisí digiteacha a leabú i dteagasc agus i bhfoghlaim, modh a foghlaimíodh ón tréimhse foghlama ó chian | Bhí gach ball foirne lánfheistithe le gairis chun tacú leis an gcianobair;<br>Cuireadh punanna leictreonacha chun feidhme trí OneNote;<br>Úsáideadh dearadh Uilíoch Foghlama, lenar cruthaíodh ábhar digiteach inrochtana agus lenar athraíodh an seomra ranga ar fud an tsoláthair;<br>Bhuail Pobal Cleachtais Chomhordaitheoirí TFC le chéile go rialta chun dea-chleachtais a roinnt. |
| | Leanúint den Mhatamaitic Fheidhmeach a chur ar fáil ar líne mar ábhar Ardteistiméireachta ar fud gach scoile | Bhí leibhéil rannpháirtíochta, coinneáil agus gnóthachtáil leanúnach sa chúrsa Matamaitice Feidhmí. Tá cúrsa gearr ríomhaireachta don tSraith Shóisearach i bhfeidhm i sé scoil agus tá cúrsa ríomhaireachta don tSraith Shinsearach i bhfeidhm in dhá cheann díobh. |

| | | |
|---|---|---|
| RS 3.6<br>CSF 1.10 | Aistriú Breisoideachais agus Oiliúna a chur chun feidhme i gcomhréir le Straitéis SOLAS agus soláthar nua a fhorbairt | Rinneadh tuilleadh dul chun cinn agus comhdhlúthaithe ar thionscadal píolótach Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí (Coláiste Chiarraí) in éineacht le SOLAS; Seoladh an Cúrsa Oiliúna do Theagascóirí Tumadóireachta Scúba i mí Lúnasa 2021. Is é an cúrsa seo an t-aon cúrsa oiliúna amháin do Theagascóirí Tumadóireachta Scúba ó Chumann Gairme na dTeagascóirí Tumadóireachta a reáchtálann soláthraí BOO in Éirinn é. |
| RS 3.7 | Turais scoile fhíorúla a fhorbairt do dhaltaí bunscoile agus go háirithe do dhaltaí a bhfuil riachtanas breise/RSO acu | Cuireadh turais scoile fhíorúla ar fáil do dhaltaí bunscoile i scoileanna DEIS. |
| | A chinntiú go gcuirfear feabhas ar naisc le bunscoileanna agus go ndéanfar dul chun cinn orthu, go háirithe na naisc a bhaineann le daltaí RSO/EAL/DEIS | Tá naisc straitéiseach i bhfeidhm idir bunscoileanna friothálacha agus struchtúir iar-bhunscoile. |
| RS 3.8 | Leanúint de thacú le freagairtí atá bunaithe ar an riachtanas maidir le hobair óige i gCiarraí a fhorbairt i gcomhréir leis an bhFeidhm maidir le hObair Óige | Féach ar leathanach 32 chun tuilleadh eolais a fháil maidir le deontais don aos óg a tugadh in 2021. |
| RS 3.9 | A chinntiú go dtacaíonn Creat na gCaighdeán Náisiúnta Cáilíochta le Tionscadail Óige nuair is cuí | Thacaigh Creat na gCaighdeán Náisiúnta Cáilíochta le gach deontas do chlubanna óige áitiúla. |



| Rochtain agus Dul Chun Cinn (Sprioc 4 den Ráiteas Straitéise; Comhaontú 1.1 maidir le Seachadadh Feidhmíochta) | | |
|---|---|---|
| **Gníomh** | **Tosaíochta (arna aithint i bPlean Seirbhíse 2021)** | **Uasdátú/Táscaire Feidhmíochta** |
| RS 4.1<br>CSF 1.1 | Bealaí don Fhoghlaim Roimh Ré (FRR) a leathnú | Fuair seacht bhfoghlaimeoir deimhniúchán maidir leis an gClár um Threorú Turas Náisiúnta - Níor leathnaíodh é de bharr COVID-19. |
| RS 4.2<br>CSF 1.5 | Na seirbhísí a chuireann Oifig Iontrála Choláiste Chiarraí ar fáil a leathnú | Bhainistigh Oifig Iontrála Choláiste Chiarraí gach iontráil do sholáthar lánaimseartha agus páirtaimseartha;<br>Rinne an Oifig Iontrála monatóireacht ar shonraí CTCF don soláthar Breisoideachais agus Oiliúna ar fad. |
| | Tacaíocht a chur ar fáil chun an leas is fearr a bhaint as deiseanna rochtana agus dul chun cinn | Osclaíodh cúig rang speisialta i scoileanna i Ráithe 1;<br>Bunaíodh an Grúpa Oibre maidir le Bealaí Dul Chun Cinn;<br>Thug Coláiste Chiarraí cuairteanna ar scoileanna ar fud na tíre chun daltaí a chur ar an eolas maidir le bealaí dul chun cinn agus deiseanna Breisoideachais agus Oiliúna agus chun bualadh le treoirchomhairleoirí;<br>Thosaigh Oifigigh Rochtana agus Dul Chun Cinn do Bhreisoideachas agus Oiliúint ag obair le foireann Choláiste Chiarraí chun an t-eolas/an chomhairle is déanaí agus atá ábhartha a chur ar fáil do dhaoine a d'fhéadfadh a bheith ina bhfoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna Choláiste Chiarraí agus do thuismitheoirí/caomhnóirí. |
| RS 4.3 | Aonad Tacaíochta Gnó Choláiste Chiarraí a fhorbairt | Rinneadh líon na gcúrsaí a chuirtear ar fáil in Aonad Gnó Choláiste Chiarraí a fhorbairt tuilleadh. |
| | | Tháinig méadú ar sholáthar 'Scileanna chun Dul chun Cinn', a raibh 217 tairbhí aige in 2021. |
| RS 4.4<br>CSF 1.13 | Úsáid níos éifeachtaí a bhaint as an teicneolaíocht chun tuairisc a choimeád ar dhul chun cinn agus ar thorthaí foghlaimeoirí | Bhí Stiúrthóir an Bhreisoideachais agus Oiliúna ina chathaoirleach ar Ghrúpa Oibre an CAO don Bhreisoideachas agus Oiliúint, ar cuireadh roghanna Breisoideachais agus Oiliúna agus printíseachta san áireamh i bpróiseas cinnteoireachta an CAO. Bhí SOLAS, CAO, BOOÉ agus BOOnna i measc na ngrúpaí a raibh comhaltas acu;<br>Cuireadh tuairiscí rianaithe ó aiseolas ó fhoghlaimeoirí agus CTCF ar fáil go rialta;<br>Fuarthas tuairiscí maidir le torthaí foghlama foghlaimeoirí ó SOLAS go rialta. |
| RS 4.5 | Straitéisí agus acmhainní a chur chun feidhme chun a chinntiú gur dlúthchuid de gach clár agus cúrsa na réimsí inniúlachta buntábhachtacha (litearthacht, uimhearthacht, smaointeoireacht chriticiúil, scileanna digiteacha agus ríomhaireachta agus scileanna maidir le fostaíocht a ghnóthú) | Cuireadh gearrchúrsa i litearthacht ríomhaireachta don tSraith Shóisearach i bhfeidhm ar fud iar-bhunscoileanna;<br>Pleanáil forbartha scoile chun tacú leis an litearthacht agus an uimhreacht atá i bhfeidhm i ngach scoil. |
| | | Cuireadh leis an soláthar duine le duine do litearthacht dhigiteach ar fud an Oideachais do Litearthacht Daoine Fásta agus Pobail ar fad. |
| RS 4.6<br>CSF 1.1 | Aonad Seirbhísí agus Tacaíochtaí Foghlaimeora Choláiste Chiarraí a chruthú ar fud gach Campais | Cuireadh pleananna chun cinn chun na tacaíochtaí uile d'fhoghlaimeoirí ar fud Choláiste Chiarraí a chónascadh chun Aonad Tacaíochta Foghlaimeora amháin a chruthú a mbeidh tacaíochtaí caighdeánacha aige. |

| Comhpháirtíochtaí Tairbheacha a Fhorbairt (Sprioc 5 den Ráiteas Straitéise; Comhaontú 3.7 maidir le Seachadadh Feidhmíochta) | | |
|---|---|---|
| **Gníomh** | **Tosaíochta (arna aithint i bPlean Seirbhíse 2021)** | **Uasdátú/Táscaire Feidhmíochta** |
| RS 5.1 | Féach, in éineacht le DCCÉ, ar shocruithe malartacha do thaithí oibre i bhfianaise COVID-19 | Cuireadh siar taithí oibre de bharr thionchar leanúnach COVID-19; táthar le hí a atosú i Ráithe 1, 2022. |
| RS 5.2<br>CSF 3.9 | A chinntiú go gcloítear le spriocdhátaí tuairiscithe ón Roinn Oideachas agus ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta | A chinntiú go gcloítear le spriocdhátaí tuairiscithe ón Roinn Oideachas agus ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| RS 5.3<br>CSF 2.5 | Rannpháirtíocht agus Comhairliúchán leanúnach a dhéanamh le ceardchumainn ábhartha | Déantar teagmháil leanúnach le ceardchumainn ábhartha agus déantar bealach oscailte cumarsáide leo;<br>Ceapadh ionadaí nua foirne chuig Bord an BOO. |
| RS 5.4<br>CSF 3.5 | Socruithe Tríú Páirtí (MTanna, CSanna etc.) a fhorbairt in éineacht le gach páirtí leasmhar tríú páirtí | Cuireadh socruithe tríú páirtí isteach nuair ab ábhartha;<br>Cheadaigh Bord BOO Chiarraí Polasaí maidir le Tríú Páirtithe a Rialú i Ráithe 3. |
| RS 5.5 | Leanúint de chórais nua UBU a leabú | Reáchtáladh cruinnithe maidir le feidhmíocht ráithiúla, pleanáil agus athbhreithniú le seirbhísí maoinithe óige;<br>Tacaíocht/rannpháirtíocht leanúnach a bhaineann le samhail feabhsúcháin leanúnaigh UBU;<br>Cuirtear rialacha agus polasaithe UBU in iúl do sholáthraithe áitiúla don aos óg. |
| | Tuilleadh rannpháirtíochta le RLCMLÓ trí Láithreáin Úrnua | Tosófar ar láithreán Úrnua i dTuaisceart Chiarraí faoin tuath in 2022. |
| RS 5.6 | Rannpháirtíocht leanúnach le Léargas | Tá BOO Chiarraí i mbun ceithre tionscadal Erasmus faoi láthair;<br>Freastal ar cheardlanna/imeachtaí náisiúnta ábhartha Léargas, lena n-áirítear Cruinniú Líonraithe agus Eolais Foirne maidir le Breisoideachas agus Oiliúint BOO i Ráithe 2. |
| RS 5.7 | Leanúint de bheith ag obair i gcomhar le Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí | Tá fianaise ar líon méadaithe daltaí/mac léinn a chomhtháthú i gclubanna spóirt áitiúla. |
| RS 5.8 | Leanúint de rannpháirtíocht leanúnach le comhlachtaí Ealaíon trí CCÓC agus Music Generation | Reáchtáladh cruinnithe ráithiúla Ghrúpa Stiúrtha Chruthaithigh CCÓC agus Ghrúpa Comhairleach Music Generation;<br>Rinneadh tionscnamh CCÓC a athstruchtúrú ina shamhail deontais. Leis an tionscnamh cuireadh acmhainní cruthaitheacha saor in aisce ar líne ar fáil le linn dianghlasála chun cuidiú le teaghlaigh, le scoileanna, agus le daoine óga;<br>Fuarthas aiseolas den scoth le haghaidh phlean oibre 2021 do Music Generation. |
| RS 5.9 | Tuilleadh rannpháirtíochta agus scileanna fostóra chun soláthar a chur chun cinn | Tá aonad tacaíochta gnó tiomnaithe i gColáiste Chiarraí i bhfeidhm;<br>Tháinig méadú ar sholáthar 'Scileanna chun Dul chun Cinn', a raibh 217 tairbhí aige in 2021. |
| RS 5.10 | Leanúint de chomhaltas a ghlacadh sa Choiste Forbartha Pobail agus sa Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta | Freastalaíodh ar chruinnithe rialta. |

| Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara (Sprioc 6 den Ráiteas Straitéise; Comhaontú 3.7 maidir le Seachadadh Feidhmíochta) | | |
|---|---|---|
| **Gníomh** | **Tosaíochta (arna aithint i bPlean Seirbhíse 2021)** | **Uasdátú/Táscaire Feidhmíochta** |
| RS 6.1 | Tá Fóram Dhaltaí BOO Chiarraí 2021 le tús áite a thabhairt do ghuth na ndaltaí | Tugadh aitheantas do rannpháirtíocht daltaí i gComhairle/Fóram na nDaltaí ag Gradaim BOO Chiarraí do Scoláirí na Bliana;<br>Chuir daltaí/mic léinn agus foghlaimeoirí ionchur ar fáil do chinntí agus polasaithe saoráide. |
| RS 6.2 | Tacú le tacaíocht tuismitheoirí trí Fhóram na dTuismitheoirí | Tá ról gníomhach ag Fóram na dTuismitheoirí i bpobal na scoile. Bhuail an fóram le chéile ceithre huaire chun maoirseacht a dhéanamh ar na tosaíochtaí bliantúla a bhí aige in 2021. I Ráithe 2, rinne comhaltaí féin-mheasúnú chun éifeachtúlacht an fhóraim a chinntiú (féach leathanach 31 chun aiseolas a fheiceáil). |
| RS 6.3 | Leanúint de mheicníochtaí comhairliúcháin atá sainoiriúnaithe agus cuimsitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme leis na páirtithe leasmhara ar fad | Reáchtáladh cruinnithe rialta leis an Roinn Coimirce Sóisialaí;<br>Freastal leanúnach ar chruinnithe an Fhóraim Scileanna Réigiúnacha. |
| RS 6.4 | Dul i mbun idirphlé straitéiseach le SOLAS chun straitéisí náisiúnta agus áitiúla maidir le breisoideachas agus oiliúna a chur chun feidhme | Tá próiseas do Chomhaontuithe nua Feidhmiúcháin SOLAS le tosú i Ráithe 1, 2022;<br>Cuireadh tuairisciú rialta ar phríomhtháscairí/príomhthorthaí ar ais chuig SOLAS. |
| RS 6.5 | Leanúint d'úsáid a bhaint as an aiseolas ó pháirtithe leasmhara le heolas a chur ar fáil maidir leis na cineálacha seirbhísí a chuirimid ar fáil agus na soláthairtí reatha a fheabhsú | Forbraíodh soláthar nua i gcomhréir le haiseolas ó phríomhpháirtithe leasmhara ar cuireadh tríd an oifig iontrála agus tríd an aonad tacaíochta gnó é. |
| RS 6.6<br>CSF 1.9 | Leanúint den straitéis rannpháirtíochta fostóra atá againn a fheabhsú | Tá leathnú Aonad Gnó Choláiste Chiarraí ar siúl i gcónaí. |
| RS 6.7 | Leanúint den chomhchaidreamh le comhlachtaí bronnta dámhachtana, DCCÉ ina measc, chun cur leis na deiseanna foghlama a bhíonn ar fáil ag na foghlaimeoirí | D'éirigh leis an gcéad athbhreithniú DCCÉ a chur i gcrích. Tuarascáil le foilsiú i Ráithe 1, 2022.<br>Áirítear ar chúrsaí agus printíseachtaí nua a dearbhaíodh a bheith bailí an Phrintíseacht do Theicneoirí Cothabhála Tuirbíní Gaoithe agus an Phrintíseacht Commis Chef a Athdhearbhú. |
| RS 6.8<br>CSF 2.2, 2.3, 2.5 | Forbairt Foirne | Déanann baill foirne an FGL ábhartha laistigh de bhuiséid atá ar fáil;<br>Plean agus deiseanna FGL a scaipeadh ar bhaill foirne FGL trí Microsoft Teams;<br>Clár Rialachais ar ar fhreastail baill foirne, comhaltaí Boird BOO agus comhaltaí na gCoistí arna mbunú faoi Alt 44/45, de réir mar is ábhartha. |
| RS 6.9 | Gníomhaíochtaí rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara a mheas d'fhonn pleanáil chomhtháite agus soláthar clár agus seirbhísí a spreagadh | Cuireadh siar tuarascáil ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara de bharr COVID-19. |

| Éifeachtúlacht agus Cuntasacht i Rialachas agus Ceannaireacht (Sprioc 7 den Ráiteas Straitéise; Comhaontú 2 maidir le Seachadadh Feidhmíochta) | | |
|---|---|---|
| **Gníomh** | **Tosaíochta (arna aithint i bPlean Seirbhíse 2021)** | **Uasdátú/Táscaire Feidhmíochta** |
| RS 7.1 | Plean Seirbhíse BOO a fhoilsiú de réir ceanglais reachtaíochta | Ullmhaíodh agus ceadaíodh an Plean Seirbhíse i gcomhréir le ceanglais reachtaíochta. |
| | Leanúint de Chlár Cur Chun Feidhme Cumarsáide a rolladh amach | Foilsíodh an doiciméad 'Róil agus Freagrachtaí na Ceannoifige' i Ráithe 2;<br>Cuireadh tús leis na moltaí a dhíorthaítear ón athbhreithniú neamhspleách ar chumarsáid inmheánach chun teimpléid tuairiscithe stiúrthóireachta a áireamh iontu. |
| RS 7.2<br>CSF 3.6 | Athbhreithniú Bliantúil ar na Rialuithe Inmheánacha a chur i gcrích agus RRI a ullmhú | Cinntíonn an bord go bhfaigheann sé gealltanas leordhóthanach go bhfuil rialuithe inmheánacha ag feidhmiú mar a beartaíodh dóibh.. |
| | Creat Tuarascálacha Bainistíochta a fhorbairt a ndéanfaidh an Creat Rialaithe Inmheánaigh eolas dó | Forbraíodh tuarascálacha agus eisíodh chuig an stiúrthóir ábhartha iad chun gníomh iarchúraim a dhéanamh. |
| | Aonad Soláthair láraithe a bhunú do BOO Chiarraí | D'éirigh leis an Aonad Soláthair Láraite a bhunú chun ceannach a chomhordú ar fud chrainn taca TFE agus SÓC. Áirítear ar ghníomhaíochtaí breise a aithnítear do 2022 an chéad Phlean Soláthair Chorparáidigh eile ón BOO a dhréachtú. |
| | Leanúint de phróisis agus feasacht maidir le Cosaint Sonraí a fhorbairt i measc baill foirne | Rinneadh mapáil sonraí ar fud gach fóntais;<br>Cuireadh oiliúint Feasachta maidir le Cosaint Sonraí ar fáil do bhaill foirne chun feasacht ar phróisis ghaolmhara a chinntiú. |
| RS 7.3<br>CSF 2.1 | Leanúint d'athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaithe agus nósanna imeachta AD agus iad a fhorbairt tuilleadh | Rinneadh athbhreithniú ar pholasaithe agus nósanna imeachta AD ar bhonn leanúnach. |
| | Na cleachtais agallóireachta atá ann cheana a uasdátú i gcomhréir leis an athrú chuig agallaimh a dhéanamh ó chian | Cuireadh oiliúint d'agallaimh do chomhaltaí Boird i gcrích i Ráithe 1, 2022. |
| | An chéad atriall den Mhaitrís Údaráis a thabhairt chun críche | Rinneadh dul chun cinn suntasach sa Pholasaí Maitríse Údaráis agus Dualgais a dheighilt a thabhairt chun críche. Cur chun feidhme le tosú i Ráithe 3, 2022. |
| | Plean Soláthair Chorparáidigh 2020-21 a chur chun feidhme | Táthar ag cur Phlean Soláthair Chorparáidigh 2020-21 chun feidhme go leanúnach;<br>Cuireadh tús le pleanáil do leagan 2022/23. |
| RS 7.4<br>CSF 3.8 | An Próiseas Bainistithe ar Shócmhainní Seasta a thabhairt chun críche d'Ionaid Sheachtracha | Tá córas bainistithe ar shócmhainní seasta i bhfeidhm ar líne, agus rinne an tAonad Iniúchóireachta agus Comhlíontachta rolladh amach an chórais a chomhordú. |
| | Athbhreithniú a dhéanamh ar IL RCPA TFC 2016 (Tús & Deireadh na Bliana) | Rinneadh próiseas Bliantúil Thús agus Dheireadh na Bliana foirmeálta agus baineadh spriocdhátaí d'aighneachtaí amach.<br>Cinntíodh comhlíontacht in athbhreithnithe ráithiúla. |
| | Oiliúint cheannaireachta agus bhainistíochta a rolladh amach i scoileanna | Cuireadh oiliúint cheannaireachta agus bhainistíochta ar fáil maidir le foirne a spreagadh, maidir le coimhlint a réiteach agus maidir le bunluachanna;<br>Le Féilire FSSF cinntíodh gur sásaíodh moltaí FGL ó fhoireann na scoileanna. |
| | Bunluachanna – Creat Éitis a chomhtháthú i bpróiseas pleanála agus forbartha na scoileanna | Cuireadh tús leis an gCreat Éitis a rolladh amach nuair a ceapadh comhordaitheoir éitis;<br>Rinne príomhoidí agus leasphríomhoidí ceardlann ar líne maidir le hoiliúint Éitis le BOOÉ. |

| | | |
|---|---|---|
| RS 7.5<br>CSF 3.3 | Feabhas a chur ar an acmhainneacht bainistíochta airgeadais atá againn | D'éirigh leis an aistriú chuig Comharsheirbhísí Párolla a mbeidh feidhm acu ó Ráithe 2;<br>Bhí ullmhúcháin aistrithe do chóras Airgeadais 'the Sun' (a mbeidh feidhm aige ó mhí Eanáir 2022) leanúnach leis an bhfoireann tionscadail agus le SGRO. |
| RS 7.6 | Córas láraithe tinrimh agus íocaíochta d'fhoghlaimeoir aonair don soláthar Breisoideachais agus Oiliúna ar fad | Tá ag éirí go maith leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ar chóras láraithe íocaíochta d'fhoghlaimeoirí. Tionscadal le tabhairt chun críche in 2022. |
| | Plean Gníomhaíochta don Aonad Comhlíontachta a fhorbairt | Tugadh Plean Gníomhaíochta an Aonaid Iniúchóireachta agus Comhlíontachta cothrom le dáta ar bhonn leanúnach. |
| | Na Cuntais Airgeadais Bhliantúla a chur ar aghaidh (faoin 1 Aibreán) agus an Tuarascáil Bhliantúil a chur ar aghaidh (faoin 30 Meitheamh) | Cuireadh na ráitis airgeadais bhliantúla agus an tuarascáil bhliantúil ar aghaidh de réir spriocdhátaí reachtaíochta. |
| | Creat maidir le Rialuithe Inmheánacha agus Tástáil ar Chomhlíonadh ar fud roinnt réimsí a fhorbairt tuilleadh | Forbraíodh creat Comhlíontachta do Chríochnú Scolaíochta, d'Ógtheagmháil agus do Choistí arna mbunú faoi Alt 44. |
| | Breithmheas an Bhoird ar an obair a chuir Coistí Airgeadais agus I&R i gcrích;<br>A chinntiú go gcuirfear tuarascálacha na gCoistí faoi Alt 45 ar aghaidh chuig Bord an BOO go tréimhsiúil, i gcomhréir le CL0002/2019 | Cinntíonn cathaoirleach gach coiste go gcuirtear tuarascálacha scríofa ar fáil do chomhaltaí Boird maidir leis an obair atá curtha i gcrích ag Coistí Airgeadais agus I&R, de réir mar a éilítear faoi CL0002/2019. |
| RS 7.7<br>CSF 2.2 | An Toghchán Foirne d'Fholúntas Boird BOO Chiarraí a stiúradh | I ndiaidh toghcháin, ceapadh ainmní foirne chuig Bord an BOO i Ráithe 2. |
| | A chinntiú go gcoinneofar saineolas airgeadais ar Choistí I&R agus Airgeadais | Déanann an Bord ceapacháin chuig Coistí I&R agus Airgeadais i gcomhairle le cathaoirligh coiste;<br>Tá scileanna iniúchóireachta agus airgeadais agus taithí atá ag teastáil ón ról ag comhaltaí seachtracha na gCoistí a chuirfidh leis an ról. |
| | Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar rátaí tinrimh ag cruinnithe Bhord BOO agus na gCoistí arna mbunú faoi Alt 44 agus Alt 45 | Cuirtear béim leanúnach ar an gceanglas chun freastal ar gach cruinniú a chur in iúl do rúnaithe/comhaltaí de réir CL0002/2019. |
| | Rialachas Corparáideach – tuiscint shoiléir ar cheanglais CL:0002/2019 a leabú | Chuir baill foirne shinsearacha, Bord BOO, Coistí arna mbunú faoi alt 44/45 oiliúint rialachais i gcrích, de réir mar ab ábhartha. |
| RS 7.7, 7.8 | Féinmheasúnú Boird a dhéanamh i gcomhréir le CL0002/2019 | Chuir Bord agus Coistí BOO féinmheasúnú bliantúil i gcrích, trí úsáid a bhaint as an gceistneoir a áirítear in CL0002/2019, inar aithníodh na réimsí ina bhféadfaí feabhsúcháin a dhéanamh. |
| | Tá Coistí arna mbunú faoi Alt 45 le Féinmheasúnuithe a chur i gcrích | Cinntíonn cathaoirligh an Choiste I&R agus an Choiste Airgeadais go ndéanfar cleachtadh féinmheasúnaithe gach bliain de réir mar a éilítear faoi CL0002/2019. |
| | Creat Folláine a fhorbairt agus a chur chun feidhme | Bunaíodh Coiste Stiúrtha Folláine do OSPS agus do OCG;<br>Clár folláine a chomhtháthú arna fhorbairt i gcomhréir leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015). |

| Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid (Ráiteas Straitéise 8) | | |
|---|---|---|
| **Gníomh** | **Tosaíochta (arna aithint i bPlean Seirbhíse 2021)** | **Uasdátú/Táscaire Feidhmíochta** |
| RS 8.1<br>8.2, 8.3 | Branda BOO Chiarraí a fhorbairt tuilleadh agus straitéis margaíochta ar fud na heagraíochta a chur chun feidhme | Soláthraíodh soláthraí brandála tríú páirtí;<br>Scaiptear faisnéis spriocdhírithe agus inrochtana ar an bpobal go leanúnach;<br>Cuireadh forbairt na straitéise margaíochta siar chun a bheith ag teacht leis an Ráiteas Straitéise (2023/27). |
| RS 8.4 | Scéim Teanga BOO Chiarraí a chur chun feidhme | D'éirigh linn tuarascáil cur chun feidhme na Scéime Teanga a chur i gcrích (Bliain 1);<br>Déanann Grúpa Stiúrthóireachta na Gaeilge athbhreithniú agus monatóireacht ar chur chun feidhme an phlean ar bhonn leanúnach;<br>D'éirigh linn Oideachasóirí Music Generation a earcú atá in ann múineadh trí Ghaeilge;<br>Rinneadh dul chun cinn ar phleananna chun rang Aonaid a bhunú i gCill Airne. |
| | Aonad Soláthair don Ghaeilge i gColáiste Chiarraí a fhorbair | Cur le líon na gcúrsaí Gaeilge a chuirtear ar fáil i gCiarraí agus ar líne. |
| RS 8.5<br>CSF 2.2 | Úsáid láithreacht ar líne/ar na meáin shóisialta a chur chun cinn go héifeachtach ar fud na scéime | Úsáidtear láithreacht ar líne/ar na meáin shóisialta go leanúnach ar fud na scéime chun feasacht a ardú maidir le deiseanna oideachais;<br>D'éirigh linn láithreáin ghréasáin nua a fhorbairt d'aon scoil déag. |
| RS 8.6 | Aip chumarsáide a fhorbairt do scoil amháin mar thionscnamh píolótach | D'éirigh linn an tionscnamh aipe píolótaí scoile a chur i gcrích i gColáiste Pobail Chill Airne. Tá rolladh amach leathnaithe beartaithe do 2022. |
| RS 8.7, 8.8 | An Grúpa Oibre maidir le Bealaí Dul Chun Cinn le foilseacháin a fhorbairt do thuismitheoirí maidir le bealaí dul chun cinn do dhaltaí | Scaiptear faisnéis spriocdhírithe agus inrochtana ar thuismitheoirí/caomhnóirí go leanúnach. |
| RS 8.9 | SharePoint inmheánach Pholasaí BOO Chiarraí a athdhearadh | Soláthraíodh soláthraí tríú páirtí chun maoirseacht a dhéanamh ar ailtireacht Microsoft BOO a athdhearadh. Is é an t-amlíne chun an SharePoint/Teams inmheánach nua Ráithe 3, 2022. |

| An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a fheabhsú (Sprioc 9 den Ráiteas Straitéise; Comhaontú 1.6 maidir le Seachadadh Feidhmíochta) | | |
|---|---|---|
| **Gníomh** | **Tosaíochta (arna aithint i bPlean Seirbhíse 2021)** | **Uasdátú/Táscaire Feidhmíochta** |
| RS 9.1 | Dul chun cinn a dhéanamh ar Thionscadail Caipitil agus Tógála – lena n-áirítear Áitribh BOO Chiarraí agus Áitribh nach le BOO Chiarraí iad | Cuireadh tús le Gaelcholáiste Chiarraí a thógáil. An tionscadal le tabhairt chun críche faoi Ráithe 4, 2022.<br>Rinneadh dul chun cinn ar an síneadh le Scoil Chuimsitheach an Tóchair go dtí Céim 2A;<br>Cuireadh tús le tógáil i mBunscoil Lios Teilice;<br>Cuireadh iarratas pleanála Scoil Naomh Oilibhéir chun cinn. |
| | Feabhas a chur ar an timpeallacht ina n-oibríonn an fhoireann | Eisítear feasacháin folláine ar bhonn leanúnach;<br>Scaiptear faisnéis maidir leis an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe go leanúnach;<br>Cuireadh an t-athbhreithniú ar an Ráiteas Straitéise (2018-2022) i gcrích;<br>Táthar ag cur tionscadail chaipitil agus tógála chun cinn. |
| RS 9.2 | Cuireadh Pleanálaí Polasaithe chun feidhme chun athbhreithniú sistéamach ar Pholasaithe agus Nósanna Imeachta atá ann cheana a bhunú agus chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i bPolasaithe/Nósanna Imeachta atá ann cheana. | Cuireadh athbhreithniú cuimsitheach ar pholasaithe agus nósanna imeachta i gcrích (féach leathanach 11);<br>Cuireadh pleanálaí polasaí dhigitigh chun feidhme chun maoirseacht níos fearr ar fhorbairt polasaithe a spreagadh. |
| RS 9.3<br>CSF 2.5<br>CSF 3.2 | Leanúint de Pholasaí agus Creat Bord BOO Chiarraí maidir le Bainistiú Riosca a rolladh amach agus a fhorbairt | Cinntíonn an Bord BOO go bhfuil próiseas leanúnach ann atá leagtha amach chun rioscaí suntasacha atá bainteach le torthaí a bhaint amach a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu;<br>Tacaíonn an Coiste I&R leis an mBord sa ról seo. |
| | Athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní, cleachtais etc. maidir le bainistiú airgeadais chun tosaíochtaí a aithint d'oiliúint/tacaíochtaí breise | Rinneadh anailís ar riachtanais oiliúna bainistithe airgeadais ar bhonn leanúnach;<br>Oiliúint do bhainistíocht líne agus do bhaill foirne ar na córais 'Sun Financial' agus 'Purchase 2 Pay' a rolladh amach go cuimsitheach;<br>Chuir bainistíocht líne agus baill foirne ábhartha oiliúint bainistithe airgeadais i gcrích ar bhonn leanúnach, lena n-áiritear seisiún maidir le Buiséid agus Pleanáil Éifeachtach. |
| | Straitéis FCT Breisoideachais agus Oiliúna a fhorbairt i gcomhréir le Straitéis SOLAS FCT Breisoideachais agus Oiliúna agus le Straitéis TFC BOO Chiarraí | Cuireadh próiseas comhairliúcháin i gcrích trí Phlean TFC Breisoideachais agus Oiliúna a ullmhú. An Plean le tabhairt chun críche in 2022. |
| RS 9.4 | Plean Foriomlán FGL a fhoilsiú do 2021 | Rinne baill foirne FGL ábhartha laistigh de bhuiséid atá ar fáil;<br>Scaipeadh plean agus deiseanna FGL ar bhaill foirne FGL trí MS Teams. |
| | An chuid maidir le 'Folláine' ar SharePoint an Pholasaí a fhorbairt tuilleadh | Is féidir le gach ball foirne rochtain a fháil ar an gCuid Folláine de SharePoint an Pholasaí agus áirítear inti faisnéis maidir leis an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe. |
| RS 9.5<br>CSF 1.5 | Leanúint de chláir agus de raon straitéisí coisctheacha agus réamhghníomhacha a fhorbairt chun feabhas a chur ar mheabhairshláinte dearfacha do mhic léinn, d'fhoghlaimeoirí agus do bhaill foirne | Curaclam Folláine comhtháite na Sraithe Sóisearaí a fhorbairt i ngach scoil;<br>An Clár OCG a fheabhsú ar fud gach scoile;<br>Tacaíonn comhordaitheoir folláine tiomnaithe d'fhorbairt leanúnach na samhla foirne tacaíochta daltaí, lena n-áirítear oiliúint a chur ar fáil d'fhoirne ar fud an chontae. |

| | | |
|---|---|---|
| RS 9.6<br>CSF 2.4 | Leanúint de dhea-chleachtais sláinte agus sábháilte a leabú ar fud na scéime | Fuarthas tuarascáil iniúchóireachta leordhóthanach maidir le sláinte agus sábháilteacht (a bhí ina dréacht nuair a cuireadh ar aghaidh í) ó Aonaid Iniúchóireachta Inmheánacha BOO;<br>Déanann an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta seiceálacha lasmuigh den láthair agus cinntíonn sé go bhfuil gach measúnú riosca cothrom le dáta;<br>Tugtar aghaidh ar ábhar a thagann chun cinn faoi gach crann taca go pras ag cruinnithe athbhreithnithe stiúrthóireachta ráithiúla maidir le sláinte agus sábháilteacht. |
| RS 9.7<br>CSF 2.2 | Cláir agus acmhainní a fhorbairt chun tacú le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do chláir | D'éirigh linn clár sé chuid a chur ar fáil do gach comhalta Coiste arna bhunú faoi Alt 44 chun rialuithe inmheánacha agus cosaint leanaí a áireamh ann. |
| | | Cuireadh FGL maidir le cosaint agus cumhdach leanaí ar fáil go leanúnach;<br>Rinneadh an oiliúint a bhaineann le Folláine na Sraithe Sóisearaí a aithint agus a chur ar fáil.<br>Cuireadh FGL a bhaineann leis an gclár OCG ar fáil |
| **RS 9.8** | **Féach RS 9.1/9.9 chun an t-eolas is déanaí a fháil** | |
| RS 9.9<br>CSF 1.6 | Campas Lios Tuathail Choláiste Chiarraí a scaradh ó iar-bhunscoil Lios Tuathail | Tar éis do BOO Chiarraí réadmhaoin a fháil i Lios Tuathail, tá sé ag cur na bpleananna atá aige chun Campas neamhspleách Breisoideachais agus Oiliúna sa bhaile a bhunú (Coláiste Chiarraí, Campas Lios Tuathail), a scarfaidh Breisoideachas agus Oiliúint ón oideachas iar-bhunscoile a chuirtear ar fáil. |
| | Fáltas caipitiúil agus Fóntais nua Phrintíseachta a fhorbairt i dTrá Lí | Cuireadh pleananna chun fóntais bhreise phrintíseachta a fhorbairt i mbaile Thrá Lí chun cinn go suntasach.<br>Aithníodh tuilleadh gníomhaíochtaí do 2022 (Aighneacht Chaipitil SOLAS i Ráithe 1, 2022). |
| | Fóntais do Pháirceáil Carranna ag cúl Champas Bhóthar na Claise, Coláiste Chiarraí | Leasaíodh dáta an chur i gcrích d'obair atá á déanamh ar Champas Bhóthar na Claise, Coláiste Chiarraí go dtí 2022. |

# Bearta Feidhmiúcháin

**Léargas ar 2021**

- Lárionad nua neamhspleách do Bhreisoideachas agus Oiliúint i Lios Tuathail a fháil – Coláiste Chiarraí, Campas Lios Tuathail
- Seoladh an chéad Straitéis Inbhuanaitheachta
- Tháinig méadú 7% ar iontrálacha ar fud Scoileanna faoi choimirce BOO Chiarraí
- Freagairt chuimsitheach COVID-19
- Cúig rang nua speisialta ar fud iar-bhunscoileanna
- Úsáideann gach ball foirne agus dalta Microsoft Office 365
- Tá na nithe seo a leanas ag gach scoil:
    - o Foirne Teagaisc agus Foghlama
    - o Cruinnithe Tuismitheora-Dalta-Múinteora
    - o Pleananna Digiteacha, Folláine agus Treorach
    - o Comhairlí na nDaltaí agus na dTuismitheoirí
- Den chéad uair riamh, cuireadh roghanna breisoideachais agus oiliúna agus printíseachta ar láithreán gréasáin an CAO do dhaoine a bheidh ag fágáil na scoile
- Tá breis agus Bratach Ghlas amháin ag 7 scoil as 8 gcinn
- Glacann gach scoil páirt i gclár Inbhuanaithe Take 1 BOOÉ
- D'éirigh le daltaí agus le foghlaimeoirí ar fud réimse gradam, lena n-áirítear; ERASMUS+, Gaisce, Gradaim Nuálaithe Sóisialta Óga, Clár BOOÉ 'Take 1', Gradaim an Gharda Síochána d'Éachtaí Óige, Gradaim 'Well-Read' ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, Dámhachtain Fiontraíochta Dalta agus 'Discover Primary Science and Maths'
- Bhí daltaí/mic léinn agus foghlaimeoirí rannpháirteach i réimse éachtach comórtas, lena n-áirítear an Comórtas Náisiúnta 'Generation Apprenticeship' agus Comórtas Náisiúnta Ealaíne na Scoileanna Glasa

***Cheap mé go raibh roinnt na faisnéise agus na cuir i láthair an-léargasach agus suimiúil don phobal.***

***Bhí fóram na dtuismitheoirí cabhrach i gcónaí le comhairle agus smaointe a roinnt maidir lenár scoileanna, ach le linn ré sin na paindéime, thug sé eolas, misneach agus muinín dúinn.***

***Ba é seo an chéad uair riamh dom a bheith ar chomhairle na scoile agus ar na fóraim. Bhain mé taitneamh as agus aireoidh mé uaim a bheith mar chuid de seo agus mo mhac ag bogadh ar aghaidh chuig an ollscoil.***

*Fíor 5: Aiseolas ó Fhóram Tuismitheoirí BOO Chiarraí 2021/2022*

| Iontrálacha | 2019/2020 | Líon Measta 2020–2021 | Líon mar a tharla 2020–2021 |
|---|---|---|---|
| Coláiste Pobail Oileán Ciarraí | 251 | 263 | 259 |
| Scoil Chuimsitheach an Tóchair | 480 | 522 | 514 |
| Coláiste Gleann Lí | 218 | 235 | 237 |
| Coláiste na Ríochta | 85 | 120 | 118 |
| Coláiste na Sceilge | 513 | 218 | 523 |
| Gaelcholáiste Chiarraí | 350 | 362 | 350 |
| Coláiste Pobail Chill Airne | 371 | 411 | 378 |
| Coláiste Pobail Chill Orglan | 307 | 309 | 302 |

*Tábla 6: Iontrálacha Scoile*

**Feidhm Forbartha um Obair Óige**

| | Bliain | Eagraíocht Dhámhachtana | Rannpháirtithe |
|---|---|---|---|
| Oileán Ciarraí | 2021 | Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí (SÓDC) | 148 |
| Killarney | 2021 | SÓDC | 91 |
| Lios Tuathail | 2021 | SÓDC | 226 |
| Trá Lí | 2021 | SÓDC | 278 |
| Uíbh Ráthach Thiar | 2021 | Foróige | ní bhaineann le hábhar |

*Tábla 7: UBU*

| | Bliain | Eagraíocht Dhámhachtana | Rannpháirtithe |
|---|---|---|---|
| Ionaid Eolais do Dhaoine Óga | 2021 | SÓDC | 2,180 |
| Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúil (Na Caighdeáin Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta do Ghrúpaí Óige faoi cheannaireacht Oibrithe Deonacha san áireamh) | 2021 | Clubanna/Grúpaí Óige | 25 Club/grúpa (927) |
| Caipiteal d'Obair Óige (do Sheirbhísí agus Clubanna/Grúpaí Óige) | 2021 | SÓDC<br>Clubanna/Grúpaí Óige | 1,644<br>21 Club/grúpa (658) |
| Deontas LGBTI+ | 2021 | Ionad Achmhainní do Theaghlaigh, Lios Tuathail | 54 |
| | | SÓDC | 25 |
| Mionscéim Deontais COVID-19 (do Sheirbhísí agus Clubanna/Grúpaí Óige) | 2021 | SÓDC | 1,565 |
| | | Clubanna/Grúpaí Óige | 21 Club/grúpa (662) |

*Tábla 8: Scéimeanna Maoinithe Eile*

### Comhpháirtíocht Chruthaitheacht Óige Chiarraí

Leis an gComhpháirtíocht Chruthaitheacht Óige Chiarraí (CCÓC) tugtar tús áite do chearta leanaí agus daoine óga ról cinnteoireachta a ghlacadh maidir lena rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha. Baintear sin amach trí chomhairliúchán ghuth na hóige agus/nó trí oiliúint forbartha ghuth na hóige ag an leibhéal pobail. Feidhmíonn an tionscnamh bunaithe ar mhaoiniú bliantúil a fhaightear ón Roinn Oideachais agus ó Éire Ildánach, a dtuairiscíonn sé don dá chomhlacht go ráithiúil.

Fuair CCÓC Chiarraí 50,000 maoiniú breise spreagtha in 2021, lenar féidir soláthar níos leithne agus ábhar cláir feabhsaithe a bhaint amach. Rinneadh an clár a athstruchtúrú ina shamhail deontais in 2021 freisin, agus bhí maoiniú ar fáil d'eagraíochtaí atá bunaithe sa phobal, do sholáthraithe seirbhíse óige, do shuíomhanna luathbhlianta, agus do chleachtóirí cruthaitheacha chun tionscadail chruthaitheacha a fhorbairt.

| Líon na gClár a Cuireadh ar fáil | Rannpháirtithe |
|---|---|
| 23 | 809 |

*Tábla 9: Comhpháirtíocht Chruthaitheacht Óige Chiarraí 2021*

### Music Generation Chiarraí

Tugann Music Generation Chiarraí deiseanna taibhithe agus oideachais ceoil do na céadta leanaí agus daoine óga ar fud na tíre agus cuireann sé réimse ar leith clár ar líne agus ar an láthair, agus clár ar scoil agus iarscoile ar fáil. Tacaíonn scéim iasachta uirlisí leis an tionscnamh seo lena gcuirtear 400+ uirlis agus trealamh ceoil ar fáil do gach dalta atá rannpháirteach trí Leabharlann Chiarraí.

Feidhmíonn Music Generation Chiarraí ar shamhail maoinithe meaitseála 75:100 agus baineann sé leas as tacaíocht ó pháirtithe áitiúla. Déantar tuairisciú airgeadais trí fháltais ráithiúla, a éilítear fáltas airgeadais iomláin i mí Feabhra don bhliain féilire roimhe seo.

| Líon na gClár a Cuireadh ar fáil | Rannpháirtithe |
|---|---|
| 31 | 1,953 |

*Tábla 10: Music Generation 2021*

## Tairbhithe Breisoideachais agus Oiliúna

| Catagóir an Chláir | 2021 mar a tharla |
|---|---|
| Grúpaí Litearthachta do Dhaoine Fásta | 916 |
| 2016+ Printíseacht | 7 |
| Céim Phrintíseachta | 111 |
| Oiliúint Printíseachta (2,4,6) | 372 |
| Nascoiliúint agus Bunoiliúint | 47 |
| Grúpaí den Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas | 1222 |
| Oideachas Pobail | 1668 |
| Ionaid Oiliúna Pobail | 41 |
| BCTE | 480 |
| Oiliúint Oíche | 511 |
| Uaireanta Comhoibre Breisoideachais agus Oiliúna | 21 |
| Dianteagasc san Oideachas Bunata Aosach | 30 |
| Cistíocht Eile | 12 |
| Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta | 1324 |
| Aitheantas ar an Réamhfhoghlaim | 7 |
| Scileanna chun Dul chun Cinn | 217 |
| Soláthraithe Oiliúna Saineolais | 148 |
| Oiliúint Scileanna Sonracha | 374 |
| Oiliúint d'Oiliúnaithe | 460 |
| Teagasc Deonach Litearthachta | 8 |
| SDOG Lárnach | 118 |
| Ógtheagmháil | 146 |
| **Méideanna Iomlána** | **8,240** |

| Catagóir an Chláir | 2021 mar a tharla |
|---|---|
| Coláiste Chiarraí | 2382 |
| Printíseacht | 490 |
| Páirtaimseartha | 1745 |
| Ógtheagmháil/IOP | 187 |
| Conairí | 313 |
| Litearthacht do Dhaoine Fásta | 1668 |
| Oideachas Pobail | 1668 |
| **Méideanna Iomlána** | **8,240** |

| Lárionad / Campas | 2021 mar a tharla |
|---|---|
| Coláiste Chiarraí, Campas Bhóthar na Claise | 926 |
| Coláiste Chiarraí, Campas Shráid Deiní | 258 |
| Coláiste Chiarraí, Campas Lios Tuathail | 246 |
| Coláiste Chiarraí, Campas Mhóin an Bhaile | 2726 |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Tóchair | 317 |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Dhaingean Uí Chúis | 213 |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Neidín | 345 |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Uí Chonaill | 446 |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Tech Amergin | 193 |
| SDOG Chill Airne | 54 |
| SDOG Chill Orglan | 25 |
| SDOG Lios Tuathail | 11 |
| SDOG Thrá Lí | 28 |
| LBDF Oileán Chiarraí | 31 |
| Ionad LBDF Chill Airne | 302 |
| Ionad LBDF Chill Orglan | 233 |
| Ionad LBDF Lios Tuathail | 120 |
| Ionad LBDF Trá Lí | 246 |
| Ógtheagmháil Chill Airne | 32 |
| Ógtheagmháil Lios Tuathail | 26 |
| Ógtheagmháil na hArdteiste Feidhmí Thrá Lí | 45 |
| Ógtheagmháil Thrá Lí | 43 |
| For-rochtain Oideachais Pobail | 570 |
| Comhoibriú Breisoideachais agus Oiliúna | 21 |
| For-rochtain an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideacha | 469 |
| BCTE | 227 |
| An Ghaeilge | 87 |
| **Méideanna Iomlána** | **8,240** |

*Tábla 11: Tairbhithe Breisoideachais agus Oiliúna 2021*

# Tuarascálacha Straitéiseacha BOO Chiarraí

*Oifigeach Fuinnimh/ Inbhuanaitheachta BOO a cheapadh go foirmeálta*

*Ceapadh Ionadaithe Inbhuanaitheachta agus Foireann Ghlas i ngach fóntas chun tionscnaimh a stiúradh agus chun aiseolas a thabhairt don Ghrúpa Cur Chun Feidhme fhoriomláin*

*Is gné seasta í an Inbhuanaitheacht ar gach clár cruinnithe boird, coiste agus bainistíochta/foirne*

*Lean scoileanna de rath anmhaith a bheith orthu faoi Chlár na mBratach Glas ó 'An Taisce'*

*D'fhoilsigh an tAire Oideachas, Norma Foley TD an Straitéis Inbhuanaitheachta agus sheol sí go hoifigiúil í*

*Rinneadh iniúchtaí ar dhramhaíl i roinnt scoileanna agus ionad ar fud na heagraíochta, agus táthar ag cur feabhlas ar bhainistú dramhaíola*

*Figiúr 6: Buaicphointí Straitéis Inbhuanaitheachta 2021*

*Leagan Gaeilge Lánchuimsithigh de láithreán gréasáin www.kerryetb.ie*

*I d Tuarascáil Mhónatoireachta 2020/2021 ón gCoimisinéir Teanga tuairiscíodh gur bhain BOO Chiarraí comhliontacht iomlán amach*

*Bunaíodh Coiste Comhairleach don Ghaeilge chun Aonad Lán-Ghaeilge i gCill Airne a bhunú*

*I ndiaidh próiseas forbartha chuimsithigh tugadh Plean Teanga Thrá Lí don Ghaeilge (Trá Lí le Gaeilge/ Plean Teanga Chun críche*

*Cuireadh réimse seirbhísí níos fearr ar fáil trí Chaeilge chun Wellbeing Kerry, Music Generation agus CCOC a aireamh ann*

*Tacaíodh le baill foirne teagaisc agus spreagadh iad chun FGL a dheanamh trí Ghaeilge*

*Figiúr 7: Buaicphointí Scéim Teanga 2021*

*Cuireadh tuarascálacha Anailíse ar Chaiteachas ag Tús na Bliana 2022 agus ar Chaiteachas ag Deireadh an Bliana ar aghaidh chuig RCPA i Ráithe 1*

*Forbraíodh agus foilsiodh laithreain ghréasáin nua do gach bunscoil agus iarbhunscoil*

*Bronnadh an tairiscint chun Ailtreacht Microsoft an BOO a athfhorbairt*

*D'éirigh leis an bPlean Athshlánaithe ó Thubaiste a chur chun cinn*

*Cuireadh uasghrádú líonraí ar an líonra achair fhairsing i gcrích*

*D'éirigh leis an tairiscint fóin póca ar fud na scéime / Rinneadh gach Ríomhaire Pearsanta sa Cheannoifig a uasghrádú*

*Figiúr 8: Buaicphointí Straitéis TFC 2021*

# Aguisín I: Gluais Téarmaí agus Liosta Táblaí

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| AD | Acmhainní Daonna |
| BCTE | Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile |
| BOO | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| BOOÉ | Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann |
| CÁSC | Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí |
| CFPÁ | Coiste Forbartha Pobail Áitiúil |
| CITLM | Córas um Iarratais agus Tuairisciú Leithdháileacháin Maoinithe/SOLAS Breisoideachas agus Oiliúint |
| CCÓC | Comhpháirtíocht Chruthaitheacht Óige Chiarraí |
| CO | Corpoideachas |
| CRS | Cúntóir Riachtanais Speisialta |
| CS | Comhaontú Seirbhíse |
| CSF | Comhaontú maidir le Seachadadh Feidhmíochta |
| CTCF | An Córas Tacaíochta Cláir agus Foghlaimeora |
| DC | Dearbhú Cáilíochta |
| DCCÉ | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| DEIS | Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh |
| DF | Duine Freagrach |
| DS | Fíordheimhniú Seachtrach |
| DUF | Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim |
| FCT | Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta |
| FGL | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| FSSF | Scoileanna i mBun Forbartha, Foghlaim Shaibhrithe |
| IL | Imlitir |
| I&R | Iniúchóireacht agus Riosca |

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| IOOA | Ionad Oideachais agus Oiliúna faoin Aer |
| IOP | Ionad Oiliúna Pobail |
| LAF | Líonra Achair Fhairsing |
| LGBTI+ | Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinscneach |
| MCBO | Mol Cúrsaí Breisoideachais & Oiliúna |
| MS | Microsoft |
| MT | Meabhrán Tuisceana |
| OCG | Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta |
| OSPS | Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte |
| PF | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| RAB | Ráitis Airgeadais Bhliantúla |
| RC&C | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste |
| RCPA | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| RGSA | An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí |
| RLCMLÓ | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| RO | An Roinn Oideachais |
| RRI | Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach |
| RSO | Riachtanais Speisialta Oideachais |
| SDOG | Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais |
| SGRO | Seirbhísí Gnó Roinnte ó thaobh an Oideachais de |
| SÓC | Scoileanna, Óige agus Ceoil |
| SÓDC | Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide |
| TFE | Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta |
| TIDÓ | An Tionscnamh maidir le hInfhostaíocht Dhaoine Óga |

## Liosta Táblaí


| Tábla | Teideal | Tagairt Leathanaigh |
|---|---|---|
| 1 | Freastal na gComhaltaí Boird | 7 |
| 2 | Clár den Fhreastal ar Chruinnithe agus Minicíocht Chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | 8 |
| 3 | Clár den Fhreastal ar Chruinnithe agus Minicíocht Chruinnithe an Choiste Airgeadais | 8 |
| 4 | Soláthar Seirbhísí | 12 |
| 5 | Scoileanna Comhpháirtíochta | 13 |
| 6 | Iontrálacha Scoile | 33 |
| 7 | UBU | 33 |
| 8 | Scéimeanna Maoinithe Eile | 33 |
| 9 | Local Creative Youth Partnership 2021 | 34 |
| 10 | Music Generation 2021 | 34 |
| 11 | Comhpháirtíocht Chruthaitheacht Óige Chiarraí 2021 | 35 |
| 12 | Comhaontú maidir le Seachadadh Feidhmíochta | 42 |


## Liosta Táblaí


| Fíor | Teideal | Tagairt Leathanaigh |
|---|---|---|
| 1 | Léarscáil Gheografach BOO Chiarraí | 12 |
| 2 | Bunluachanna BOO Chiarraí | 14 |
| 3 | Struchtúir Eagrúcháin | 15 |
| 4 | Creat Tuairiscithe Straitéisigh | 16 |
| 5 | Aiseolas ó Fhóram Tuismitheoirí BOO Chiarraí 2021/2022 | 32 |
| 6 | Buaicphointí na Straitéise Inbhuanaitheachta 2021 | 36 |
| 7 | Buaicphointí Scéim Teanga 2021 | 36 |
| 8 | Buaicphointí Straitéis TFC 2021 | 36 |

# Aguisín II: Cuspóirí Straitéiseacha Mionsonraithe

**Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022**

## Sprioc 1: Cláir a bhfuil Aitheantas agus Dearbhú Cáilíochta acu go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar na cláir agus na cúrsaí oideachais agus oiliúna a thairgímid faoi láthair chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus go bhfuil siad aitheanta ar leibhéal idirnáisiúnta.
2. Leanúint lena chinntiú go gcuirtear nósanna imeachta agus próisis atá cuí maidir le pleanáil scoile agus le féinmheastóireacht scoile i bhfeidhm i ngach ceann de na hiar-bhunscoileanna faoinár gcoimirce.
3. Leanúint ar aghaidh ag tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm éifeachtach an Chreata um Chaighdeáin Cháilíochta Náisiúnta d'Obair don Óige.
4. A chinntiú go gcuirtear nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach ceann dár gcláir oideachais agus oiliúna ar gach leibhéal.
5. Leanúint ar aghaidh ag ullmhú ár scoileanna/ár gcoláistí/ár n-ionad le haghaidh cigireachtaí seachtracha, cuairteanna comhairleacha agus cuairteanna monatóireachta dearbhaithe cáilíochta agus a chinntiú go gcuirtear moltaí/torthaí na gcigireachtaí/na gcuairteanna sin i bhfeidhm go héifeachtach.

## Sprioc 2: Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán

1. Straitéisí dearbhaithe cáilíochta um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a fhorbairt do gach duine a bhfuil ról acu i gcláir a sholáthar, agus tacú leis na straitéisí sin.
2. Tacaíocht agus acmhainní a chur ar fáil do chleachtais teagaisc agus foghlama atá ionchuimsitheach/difreáilte inár gcuid scoileanna/coláistí/ionaid/cláir uile.
3. Tacú le forbairt iomlánaíoch mac léinn agus foghlaimeoirí trí chorpoideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar gach leibhéal, i.e. i mbunscoileanna, in iar-bhunscoileanna agus sa bhreisoideachas agus oiliúint.
4. Cultúr nuálaíochta agus cleachtais athmhachnamhaigh a chothú, lena n-áirítear líonraí foghlama agus pobail chleachtais a fhorbairt agus an dea-chleachtas a chomhroinnt.
5. Teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chomhtháthú chun caighdeán an teagaisc agus na foghlama a fheabhsú.
6. Deiseanna a chruthú do mhic léinn/d'fhoghlaimeoirí chun a bhfoghlaim a phleanáil agus a athbhreithniú go gníomhach.
7. Cultúr a chruthú ina ndéantar ceiliúradh ar barrfheabhais agus éachtaí foghlaimeoirí agus baill foirne araon.
8. Cineálacha difriúla cur chuige a chur i bhfeidhm i leith forbairt curaclaim agus clár, a chuirfidh béim ar an ábhar a oiriúnú do riachtanais foghlaimeoirí, fostaithe, pobail agus do phríomhthosaíochtaí scileanna réigiúnacha.
9. A chinntiú go bhfuil gach mac léinn agus foghlaimeoir de chuid BOO Chiarraí in ann foghlaim i dtimpeallacht foghlama atá sábháilte agus nua-aimseartha.
10. Cloí le treoirlínte folláine náisiúnta agus iad a chur chun cinn, agus a chinntiú go dtugtar tacaíocht leordhóthanach do dhaltaí, do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí.

## Sprioc 3: Freagairtí Nuálacha Oideachais agus Oiliúna

1. Freagairt go leanúnach d'athruithe ar an déimeagrafaic i gCiarraí agus ár soláthar seirbhíse a phleanáil dá réir sin, nuair is féidir.
2. Freagairt go héifeachtach do riachtanais fostóirí agus an gheilleagair trí réitigh nuálacha agus cruthaitheacha.
3. Cur leis an inniúlacht atá againn freagairt do na dúshláin atá ann i sochaí ilchultúrtha.
4. Leanúint le freagairtí a athnuachan agus le cinn nua a fhorbairt chun rannpháirtíocht a mhéadú i ngníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna.
5. Úsáid deiseanna foghlama solúbtha a chur chun cinn, lena n-áirítear foghlaim ar líne, foghlaim chumaisc, foghlaim de réir seimeastair agus soláthar clár oíche.
6. I gcomhpháirtíocht le SOLAS, agus de réir na Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019, cláir oideachais agus oiliúna a shainaithint agus a chur ar fáil chun daoine óga agus aosaigh a ullmhú do dhul chun cinn agus do dheiseanna fostaíochta amach anseo.
7. Straitéisí a spreagadh a bhfuil mar aidhm leo dul i ngleic leis na dúshláin is gá do mhic léinn a shárú agus iad ag aistriú ónár gcóras bunscoile chuig ár gcuid iar-bhunscoileanna agus coláistí, agus acmhainní a chur ar fáil le haghaidh fhorbairt na straitéisí sin.
8. Leanúint le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt freagairtí atá bunaithe ar riachtanais maidir le hobair don óige i gCiarraí.

## Sprioc 4: Rochtain agus Dul Chun Cinn

1. Réamhfhoghlaim a aithint i gcomhréir le treoirlínte náisiúnta chun rochtain a éascú ar chláir oideachais agus oiliúna.
2. Tacaíocht oideachais agus ghairmthreorach a thabhairt d'fhoghlaimeoirí chun rochtain agus deiseanna dul chun cinn a uasmhéadú.
3. Ár straitéisí rollaithe foghlaimeoirí a fheabhsú laistigh de FET chun socrúcháin foghlaimeoirí, rannpháirtíocht agus coinneáil inár gcláir a uasmhéadú.
4. Úsáid níos éifeachtaí a bhaint as an teicneolaíocht chun dul chun cinn agus torthaí foghlaimeoirí a rianú.
5. Straitéisí a chur i bhfeidhm agus acmhainní a chur ar leataobh dóibh chun a chinntiú go bhfuil croí-inniúlachtaí (scileanna litearthachta, scileanna uimhearthachta, scileanna smaointeoireachta criticiúla, scileanna digiteacha agus litearthachta ríomhairí agus scileanna gnóthaithe poist) leabaithe laistigh dár gcláir agus dár gcúrsaí uile.
6. Sraith tacaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'fhoghlaimeoirí, lena n-áirítear tacaí míchumais, socrúcháin agus atreoraithe chuig gníomhaireachtaí eile, chun dul i ngleic le bacainní ar rannpháirtíocht, ar choinneáil agus ar dhul chun cinn.

## Sprioc 5: Comhpháirtíochtaí Táirgiúla a Fhorbairt

1. Leanúint le caidreamh éifeachtach a fhorbairt le comhlachtaí fostóirí, le ceardchumainn agus le heagraíochtaí ábhartha eile chun taithí oibre agus socrúcháin oibre ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár mic léinn agus dár bhfoghlaimeoirí.
2. Leanúint le hobair i ndlúthchomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, le TUSLA, le SOLAS, le DCCE agus le BOO Éireann.
3. Leanúint ar aghaidh ag obair i ndlúthchomhpháirt le ceardchumainn ábhartha chun feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí a sholáthraímid.
4. Leanúint leis na próisis chomhpháirtíochta, na prótacail chomhpháirtíochta agus na nósanna imeachta comhpháirtíochta atá ar bun againn a athbhreithniú agus a leasú nuair is cuí.
5. Caidreamh nua a fhorbairt le comhlachtaí reachtúla ábhartha eile, le heagraíochtaí deonacha don óige agus le heagraíochtaí pobail, agus an caidreamh láidir atá againn leosan cheana féin a chothú, chun feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraímid don óige.
6. Cláir de chuid an Aontais Eorpaigh a úsáid chun caidreamh le gníomhaireachtaí agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta ábhartha a fhorbairt.
7. Oibriú i gcomhar le Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí chun rannpháirtíocht a mhéadú i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil.
8. Obair i gcomhpháirt le comhlachtaí ábhartha Ealaíon chun na healaíona san oideachas a chur chun cinn.
9. Naisc a fhorbairt le fostóirí chun a chinntiú go bhfreagraítear go héifeachtach dá riachtanais i ngeilleagar a bhíonn ag athrú.
10. Obair i ndlúthchomhpháirt leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil chun a chinntiú go nglactar cur chuige níos comhcheangailte i leith cláir forbartha áitiúla agus pobail a chur i bhfeidhm.

## Sprioc 6 :Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara

1. Comhairlí mac léinn a athbhreithniú agus a fheabhsú inár gcuid scoileanna, coláistí agus ionaid uile.
2. Comhairlí tuismitheoirí a athbhreithniú agus a fheabhsú inár gcuid scoileanna, coláistí agus ionaid uile.
3. Leanúint le meicníochtaí comhairliúcháin shaincheaptha agus ionchuimsitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme lenár bpáirtithe leasmhara uile.
4. Dul i mbun idirphlé straitéiseach le SOLAS chun straitéisí náisiúnta agus áitiúla a chur i bhfeidhm don bhreisoideachas agus oiliúint.
5. Leanúint le húsáid a bhaint as an aiseolas ó pháirtithe leasmhara chun bonn eolais a chur faoi na cineálacha seirbhísí a chuirimid ar fáil agus chun an soláthar reatha a fheabhsú.
6. Leanúint lenár straitéis rannpháirtíochta fostóirí a fheabhsú chun riachtanais fostóirí a ailíniú ar bhealach níos éifeachtaí lenár straitéisí forbartha scileanna.
7. Leanúint le dul i mbun idirphlé le comhlachtaí bronnta dámhachtana, DCCE ina measc, chun cur leis na deiseanna foghlama atá ar fáil dár bhfoghlaimeoirí.
8. Dul i dteagmháil go héifeachtach lenár bhfoireann chun cáilíocht seirbhíse a fheabhsú, chun inniúlacht agus acmhainn a fhorbairt agus chun barr feabhais a bhaint amach sa chaoi a mbainistímid daoine.
9. Ár ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta páirtithe leasmhara a thomhas chun pleanáil agus seachadadh comhcheangailte clár agus seirbhísí a spreagadh chun freastal ar riachtanais i gCiarraí.

## Sprioc 7: Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus i gCeannaireacht

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar chumarsáid inmheánach reatha agus straitéis chumarsáide soiléir inmheánach a chuireann ár spriocanna straitéiseacha in iúl a bheachtú agus a fhorbairt, struchtúir na heagraíochta a shoiléiriú, róil agus freagrachtaí ag gach leibhéal agus a tharraingíonn aird ar na próisis chinnteoireachta.
2. Athbhreithniú a dhéanamh agus feabhas a chur ar struchtúir agus próisis le cur le héifeachtacht na heagraíochta agus chomh maith agus a dhéanaimid cumarsáid leis na páirtithe leasmhara ar fad.
3. Athbhreithniú a dhéanamh agus feabhas a chur ar ár mbeartais agus cleachtais acmhainní daonna reatha le dul i ngleic le riachtanais straitéiseach BOO Chiarraí.
4. Ár bhféidearthachtaí agus ár gcumas ceannaireachta, bainistíochta agus maoirseachta a fhorbairt chun ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.
5. Ár n-acmhainn pleanála acmhainní agus ár n-acmhainn bainistíochta oibríochtúla a fheabhsú ar gach leibhéal den eagraíocht. Bainfimid leas as oiliúint agus as FGL agus cuirfimid struchtúir eagraíochtúla níos cuí i bhfeidhm.
6. Feabhas a chur ar ár gcórais bainistíochta faisnéise chun sonraí cruinn, ábhartha agus suas chun dáta a chur ar fáil ar fud na heagraíochta le cur le pleanáil, soláthar seirbhís agus le bheith in oiriúint lenár straitéis.
7. Leanúint le cumas comhlíontachta straitéise agus rialachais ár mbord agus na gcoistí gaolmhara a fhorbairt.
8. Cultúr foghlama leanúnaí agus cleachtais athmhachnamhaigh a chur chun cinn.

## Sprioc 8: Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid

1. Iniúchadh agus athbhreithniú le déanamh ar mheicníochtaí agus straitéisí cumarsáide agus caidreamh poiblí reatha BOO Chiarraí.
2. Feidhm chumarsáide tiomnaithe a bhunú laistigh de BOO Chiarraí chun cumarsáid inmheánach agus seachtrach a fheabhsú.
3. Straitéis mhargaíochta agus caidrimh phoiblí a fhorbairt do BOO Chiarraí chun fógraíocht, brandáil agus earcaíocht foghlaimeoirí a fheabhsú.
4. Scéim Teanga BOO Chiarraí a chur i bhfeidhm.
5. Straitéis a fhorbairt le haghaidh úsáid níos éifeachtaí a bhaint as teicneolaíocht na meán sóisialta ar mhaithe leis an eagraíocht a bhrandáil agus a chur chun cinn.
6. Aip chuimsitheach do BOO Chiarraí a fhorbairt a fhéadfaidh daoine laistigh agus lasmuigh den eagraíocht a úsáid.
7. An raon leathan roghanna dul chun cinn atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí trí chláir BOO Chiarraí a leagan amach.
8. Foilseacháin chuí a fhorbairt agus a ullmhú do mhic léinn agus do thuismitheoirí i bhformáidí inrochtana éagsúla, ar foilseacháin iad ina míneofar an córas dámhachtana, an comhlacht bronnta dámhachtana, an measúnú a dhéanfar chun an dámhachtain a bhaint amach agus na roghanna dul chun cinn a bhaineann leis an dámhachtain.
9. An cur chuige foriomlán cumarsáide inmheánach agus seachtrach a fheabhsú.

## Sprioc 9: An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhs

1. Creidiúnú Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe a bhaint amach ar fud na heagraíochta.
2. Athbhreithniú eagraíochta a dhéanamh le béim ar bheartais, struchtúir agus róil lena chinntiú go bhfuil siad in oiriúint do straitéis oideachais agus oiliúna BOO Chiarraí.
3. Leanúint le cláir shonracha oiliúna agus forbartha a cheapadh agus a sholáthar chun freastal ar na riachtanais a shainaithnítear tríd an bpróiseas bainistíochta feidhmíochta.
4. Leanúint le tacaíocht a thabhairt don scéim leasa foirne agus do dheiseanna forbartha gairme agus aistrithe poist.
5. Leanúint le cláir agus raon straitéisí coisctheacha agus réamhghníomhacha a fhorbairt chun meabhairshláinte dhearfach a chothú i measc mac léinn, foghlaimeoirí agus ball foirne.
6. Feabhas a chur ar úsáid a gcuid saoráidí agus leas iomlán a fháil astu, agus iniúchtaí sláinte agus sábháilteachta rialta a dhéanamh chun caighdeán na dtimpeallachtaí foghlama agus oibre a uasmhéadú
7. Cláir agus acmhainní a fhorbairt chun tacú le cláir Forbartha Gairmiúla Leanúnaí.
8. A chinntiú, de réir na n-acmhainní atá ar fáil, go bhfuil gach ceann dár bhfoirgnimh oiriúnach do na seirbhísí a chuirtear ar fáil iontu.
9. Tús áite a thabhairt do thionscadail chaipitil/ tógála a thacóidh le Cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna a chomhtháthú tuilleadh.

| | **Sprioc 1: Barr feabhais a chur ar Thaithí an Dalta/ an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora** | **Tagairt do Spriocanna Ráiteas Straitéise** |
|---|---|---|
| 1.1 | Eispéaras dearfach foghlama a chur ar fáil do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe | 2/4 |
| 1.2 | Curaclam leathan a chur ar fáil | 2/3 |
| 1.3 | Córais Dearbhaithe Cáilíochta a chur chun feidhme | 1/8 |
| 1.4 | Tacú le daltaí/mic léinn/foghlaimeoirí atá i mbaol a bheith faoi mhíbhuntáiste oideachasúil i gcomhréir leis an mbeartas náisiúnta atá ann cheana | 2/4 |
| 1.5 | Seirbhísí treorach agus comhairliúcháin a chur ar fáil | 2/4/9 |
| 1.6 | Saoráidí oiliúna/foghlama ar ardchaighdeán a chur ar fáil | 1/4/2/9 |
| 1.7 | Oideachas faoin aer a chur chun cinn agus a fhorbairt | 2/8 |
| 1.8 | Pleanáil a dhéanamh do dhéimeagrafaigh atá ag athrú | 3/4 |
| 1.9 | Teagmháil éifeachtach a dhéanamh le fostóirí | 5/6 |
| 1.10 | Cláir printíseachta agus oiliúna a chur ar fáil agus a fhorbairt | 1/2/3/6 |
| 1.11 | A chinntiú go bhfuil gach beart is gá chun leanaí a chosaint i bhfeidhm i gcomhréir le Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 | 1/2 |
| 1.12 | Tús áite a thabhairt do STEM/STEAM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, na hEalaíona agus Mata) i scoileanna | 2/3 |
| 1.13 | Tacaíochtaí foghlama TFC ar ardchaighdeán a chur ar fáil i scoileanna/in ionaid | 2/3 |
| | **Sprioc 2: Tacaíocht Foirne** | **Tagairt do Spriocanna Ráiteas Straitéise** |
| 2.1 | Foireann a earcú agus a choinneáil | 8/9 |
| 2.2 | Tacú le foireann i bhforbairt ghairmiúil leanúnach | 2/6/7/8/9 |
| 2.3 | Tacú le ceannaireacht ar ardchaighdeán sa BOO agus í a fhorbairt | 7/9 |
| 2.4 | Feasacht ar shláinte agus ar shábháilte a chur chun cinn | 6/9 |
| 2.5 | Timpeallacht oibre dearfaí agus tacúla a chur ar fáil | 6/7/9 |
| 2.6 | Tacú le folláine foirne | 3/6/7/9 |
| | **Sprioc 3: Rialachas** | **Tagairt do Spriocanna Ráiteas Straitéise** |
| 3.1 | Struchtúir agus córais eagrúcháin a fhorbairt chun freastal ar riachtanas na heagraíochta atá ag athrú | 7 |
| 3.2 | Cúrsaí airgeadais agus riosca a bhainistiú go héifeachtach | 7 |
| 3.3 | Acmhainní a úsáid go héifeachtach | 7 |
| 3.4 | Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh | 7/8 |
| 3.5 | Comhaontuithe Seirbhíse a fhorbairt le páirtithe leasmhara seachtracha | 5/6 |
| 3.6 | Cosaint sonraí éifeachtaí a chinntiú | 7 |
| 3.7 | Teagmháil éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt | 5/6 |

| | | |
|---|---|---|
| 3.8 | Dea-chleachtas maidir le soláthar a leanúint | 7 |
| 3.9 | Comhlíontacht ceanglas reachtúil agus rialáil a chinntiú | 7 |
| 3.10 | Comhlíontacht iomlán na Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017  best practice in procurement | 1/2 |
| | **Sprioc 4: Cláir Chosanta** | **Tagairt do Spriocanna Ráiteas Straitéise** |
| 4.1 | Cuidiú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, de réir mar is gá, chun freastal ar na riachtanais a eascraíonn as Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint agus as foráil a dhéanamh d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta | 3 |

*Tábla 12: Comhaontú maidir le Seachadadh Feidhmíochta*

